An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2022

*Neamhspleáchas*

*Nuálaíocht*

*Cosaint do Thomhaltóirí*

*Trédhearcacht agus Cuntasacht*

## Is í seo ár bhFÍS:

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) a fhorbairt ina chomhlacht rialála atá éifeachtúil, éifeachtach agus cuntasach agus a bhfuil an cumas aige leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

LSRA

## Is é seo ár MISEAN:

Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí dlí sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.



# Clár Ábhar


**1. Réamhrá**

| | |
|---|---|
| Cé Sinn, Na Nithe a Dhéanaimid, Ár gCuspóirí | **5** |
| Brollach ón gCathaoirleach | **8** |
| Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | **10** |
| 2022 ar Sracfhéachaint | **14** |

**2. Conas a Rialálaimid**

| | |
|---|---|
| Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh | **16** |
| Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán | **26** |

**3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid**

| | |
|---|---|
| Tuarascálacha Taighde agus Moltaí | **32** |
| Cumarsáid agus Caidreamh | **36** |

**4. Rialachas agus Bainistíocht**

| | |
|---|---|
| Comhaltaí den Údarás agus a gComhlachtaí Ainmniúcháin | **38** |
| Gníomhaíochtaí an Údaráis | **44** |
| Socruithe Rialachais | **48** |
| Forbairtí Eagraíochta | **55** |
| An Fhoireann Ardbhainistíochta | **59** |

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2022 | **62** |

# Ár Luachanna

Is iad bunluachanna a threoraíonn obair ÚRSD mar chomhlacht seirbhíse poiblí:




## Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015.

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis sa bhliain 2022 chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht. Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

Faoi alt 21(1) den Acht, ní mór an Tuarascáil Bhliantúil seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain. Is í seo an seachtú Tuarascáil Bhliantúil ó ÚRSD.





# 1. Réamhrá

## Cé Sinn

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (an tÚdarás) an 1 Deireadh Fómhair 2016 faoi Chuid 2 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Tá an tÚdarás comhdhéanta de 11 chomhalta arna gceapadh de réir alt 9 den Acht. Ceapann an Rialtas na comhaltaí den Údarás tar éis ainmniúcháin a fháil ó na deich n-eagraíocht seo a leanas:

- An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
- An tÚdarás um Ard-Oideachas (Higher Education Authority)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí
- Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
- Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann anois)
- An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
- Cumann Onórach Óstaí an Rí
- Dlí-Chumann na hÉireann

Ainmníonn na comhlachtaí ainmniúcháin duine amháin acu an ceann lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an Údarás, cé is moite den Dlí-Chumann, a cheapann beirt acu lena gceapadh. Dearadh an próiseas ainmniúcháin sin chun neamhspleáchas an Údaráis a chinntiú agus, ag an am céanna, cothromaíocht inscne agus leasanna a bhaint amach idir dlí-chleachtóirí agus tomhaltóirí. Tá tromlach agus cathaoirleach tuata ag an Údarás. Ceanglaítear ar an Údarás leis an Acht bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Le linn dó duine a cheapadh mar chomhalta den Údarás, ní mór gur deimhin leis an Rialtas go bhfuil eolas agus saineolas aige nó aici ar cheann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

- seirbhísí dlí a sholáthar;
- an t-oideachas dlí agus an oiliúint dlí;
- dlí agus beartas iomaíochta;
- caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- déileáil le gearáin i gcoinne comhaltaí de ghairmeacha arna rialáil ag comhlacht reachtúil;
- ábhair ghnó agus thráchtála;
- riachtanais tomhaltóirí seirbhísí dlí.

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rúnaí don Údarás agus foireann ÚRSD a chuireann feidhm feidhmiúcháin ÚRSD i gcrích. Is é an Dr Brian Doherty an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is é Ultan Ryan an Rúnaí.

# Na Nithe a Dhéanaimid

Cuirtear de chúram ar an Údarás um Rialáil Seirbhísí Dlí soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá aon fheidhm déag ag an Údarás faoi alt 13 den Acht. Is iad sin:

1. **Soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí a rialáil agus a chinntiú go ndéanfar caighdeáin maidir le soláthar na seirbhísí sin sa Stát a chothabháil agus a fheabhsú.**
2. **Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:**
   - **i)** **na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;**
   - **ii)** **infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;**
   - **iii)** **beartais i ndáil le daoine a ghlacadh agus/nó beartais an Dlí-Chumainn, Chomhairle an Bharra agus Chumann Onórach Óstaí an Rí i ndáil le daoine do theacht chun bheith i dteideal cleachtadh;**
   - **iv)** **cóid ghairmiúla;**
   - **v)** **mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
3. **Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí leis an Údarás.**
4. **An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a shonrú de réir an Achta.**
5. **Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.**
6. **Gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.**
7. **Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil.**
8. **Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.**
9. **An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.**
10. **Taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire.**
11. **Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.**





# Ár gCuspóirí

Leagtar amach san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, sé chuspóir reachtúla de chuid an Údaráis, arb iad ár bprionsabail oibriúcháin iad go bunúsach. Is iad sin:

1. **Leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.**
2. **Tacú le riaradh cuí éifeachtach an cheartais.**
3. **Leasanna tomhaltóirí a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn.**
4. **An t-iomaíochas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí dlí sa Stát.**
5. **Gairm dlí neamhspleách láidir éifeachtach a spreagadh.**
6. **Comhall na bprionsabal gairmiúil do dhlí-chleachtóirí a shonraítear san Acht a chur chun cinn agus a chothabháil.**

# An Tuarascáil Seo

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, leagtar amach feidhmíocht ÚRSD sa bhliain 2022 i gcomparáid leis na tosaíochtaí sa **Phlean Straitéiseach 2019-2022** uaidh. Tá an **Plean Straitéiseach 2022-2025** tagtha in ionad an phlean sin anois.

# Giorrúcháin agus Téarmaí a úsáidtear sa Tuarascáil seo

**Dlí-Chleachtóir**

Aturnae cleachtach nó abhcóide cleachtach (lena n-áirítear iaraturnae nó iarabhcóide agus gnólacht aturnaetha).

**LPDT**

An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

**CDTanna**

Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

**An tAcht**

An tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015

**Probháid**

An próiseas ina ndéantar iarratas chuig an gcúirt ar dheonú lena dtugtar teidlíocht do dhuine nó do dhaoine chun eastát duine éagtha a riar.

**Gealltanas**

Gealltanas, atá ina cheangal dlí, chun rud éigin a dhéanamh nó gan rud éigin a dhéanamh. I gcomhthéacs gearán, is comhaontuithe sonracha iad atá deimhnithe i scríbhinn ag aturnaetha.

**Mainneachtain tabhairt ar láimh**

Mainneachtain comhaid, gníomhais teidil, etc., a thabhairt ar láimh nuair atá siad ag teastáil.

**Mainneachtain cuntas a thabhairt**

Neamhghníomh ag dlí-chleachtóir cuntais chuí iomlána a thabhairt ar airgead arna shealbhú agus arna fháil.

# Brollach ón gCathaoirleach



An Dr Don Thornhill

Bliain thábhachtach do ÚRSD ba ea an bhliain 2022. Ní hé amháin gur lean an tÚdarás le difear a dhéanamh do sheirbhísí dlí trína fheidhmeanna rialála a chomhlíonadh, ach bhí sé ag breathnú ar aghaidh agus ag leagan tosaíochtaí straitéiseacha ilbhlianta amach freisin.

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain 2022 agus, faoi mar a rinne mé i mblianta roimhe seo, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Údarás as an obair chrua agus an caidreamh a rinne siad ar fud na bliana. Thar an tréimhse, cheadaigh an tÚdarás Plean Gnó ÚRSD don bhliain 2022 agus na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 lena gcur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Athchóiriú na Samhla Tobhaigh

Cistítear ÚRSD den chuid is mó trí thobhach ar na gairmeacha dlí. Ó bhunú an Údaráis sa bhliain 2016 i leith, tháinig sé chun solais gurb amhlaidh, maidir leis an tsamhail tobhaigh atá ar áireamh ina reachtaíocht bunaidh, atá sí casta gan ghá, atá sí doiligh le riar agus nach dtugtar sruth inbhuanaithe cistiúcháin don eagraíocht léi.
Le linn na bliana, bhí an tÚdarás i mbun teagmháil dhian leis an Roinn Dlí agus Cirt agus le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas chun leasuithe reachtacha suntasacha ar an tsamhail tobhaigh atá ann cheana a dhréachtú. Cuireadh iad sin ar áireamh go rathúil sa Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022. A luaithe a bheidh siad tugtha isteach, fágfaidh na forálacha sin go mbeidh i bhfad níos mó cinnteachta agus cobhsaíochta ann don chistiú do ÚRSD sa todhchaí agus do leathnú beartaithe ÚRSD.

Chomh maith leis sin, fuair an tÚdarás an t-eolas is deireanaí ar bhonn tráthrialta sa bhliain ón bhfoireann feidhmiúcháin faoi obair na Rannóige Gearán agus Réiteach agus faoi na gníomhaíochtaí bunaithe atá ar siúl le haghaidh an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí. Cé gur comhlacht atá neamhspleách ar ÚRSD é an Binse agus go bhfuil a chathaoirleach féin agus áitreabh leithleach aige, tá sé bunaithe faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, agus cistítear é leis an tobhach freisin. Soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil don Bhinse nua.





## Tosaíochtaí Straitéiseacha Nua

I mí Mheán Fómhair 2022, rinne an tÚdarás Plean Straitéiseach trí bliana nua a cheadú agus a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt. Leagtar amach ann tosaíochtaí ÚRSD le haghaidh rialáil na hearnála seirbhísí dlí ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025. Bhain an tÚdarás úsáid as an deis sin chun a fhís do na blianta atá le teacht a athshainiú agus chun na bunluachanna atá mar bhonn agus thaca ag ár gcuid oibre mar chomhlacht seirbhíse poiblí a athdhearbhú.

Leagamar spriocanna soiléire agus uaillmhianta soiléire amach laistigh den chreat straitéiseach athnuaite sin. Táim muiníneach go bhfeidhmeoidh ár bhfoireann bainistíochta go maith lena n-ais sin. Tugann Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, tuilleadh mionsonraí faoin bPlean Straitéiseach sa réamhrá uaidh leis an tuarascáil seo.

## Breathnú ar Aghaidh

Ag breathnú ar aghaidh dúinn, beidh an bhliain 2023 ina bliain thábhachtach eile le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh ar fhís ÚRSD chun leas an phobail agus leasanna tomhaltóirí seirbhísí dlí a chosaint agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, gairm dlí atá neamhspleách, láidir agus iomaíoch agus a chloíonn le hardchaighdeáin ghairmiúlachta agus ionracais a spreagadh.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar leasuithe reachtacha lena gcumasófar Comhpháirtíochtaí Dlí a thabhairt isteach mar shamhail gnó nua le haghaidh seirbhísí dlí a sholáthar. Samhail cleachtais d’aturnaetha agus d’abhcóidí ar foráladh di san Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, is ea Comhpháirtíochtaí Dlí.

Le tabhairt isteach na gComhpháirtíochtaí Dlí, cuirfear ar chumas abhcóidí agus aturnaetha seirbhísí dlí a sholáthar i gcomhpháirt den chéad uair riamh, agus ar an gcaoi sin, beidh siad in ann raon níos leithne seirbhísí agus saineolais a thairiscint dá gcliaint.

Oibreoidh an tÚdarás i ndlúthchomhar leis na comhlachtaí gairmiúla agus le geallsealbhóirí eile maidir le tabhairt isteach Comhpháirtíochtaí Dlí. Is dóigh go mbeidh tionchar acu ar an margadh ina soláthraítear seirbhísí dlí. Tá an tÚdarás tiomanta do chreat rialála a chruthú lena gcuirfear ar chumas dlí-chleachtóirí obair le chéile agus seirbhísí dlí a bheidh éifeachtúil agus ar phraghas iomaíoch a sholáthar do thomhaltóirí.

Chomh maith leis sin, foilseoidh an tÚdarás taighde a mbeidh moltaí ag gabháil leis ar dhá réimse leithleacha, faoi mar a d’iarr an tAire Dlí agus Cirt. Is é atá sa chéad réimse ná na bacainní a mbíonn gairmithe dlí atá faoi oiliúint agus atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo agus is é atá sa dara réimse ná an fhéidearthacht a bhaineann le gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir.

## Buíochas le Baill Foirne agus le Geallsealbhóirí

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne dhícheallacha thiomanta ÚRSD agus le geallsealbhóirí uile ÚRSD, lena n-áirítear an tAire Dlí agus Cirt, oifigigh agus na comhlachtaí gairmiúla as an tacaíocht a thugann siad dár gcuid oibre ar sheirbhísí dlí a rialáil le leas an phobail.

Thar ceann an Údaráis, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart de réir alt 21(1) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Is í seo an seachtú Tuarascáil Bhliantúil a cuireadh isteach ó bunaíodh ÚRSD sa bhliain 2016 i leith.

**An Dr Don Thornhill**
**Cathaoirleach**

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



**An Dr Brian J. Doherty**

Bliain eisceachtúil in éabhlóid ÚRSD ba ea an bhliain atá faoi athbhreithniú sa tuarascáil seo. De réir mar a bhíothas ag tosú ar dheireadh a chur le srianta riachtanacha Covid-19 agus a bhí an tsochaí ag filleadh ar an ngníomhaíocht a bhí ann roimh theacht phaindéim Covid-19, d'aistrigh ÚRSD ó dhíriú ar an mbonneagar gearán agus an bonneagar rialála eile a bhunú go díriú ar sholáthar seirbhíse agus ar ár n-éifeachtacht mar rialálaí.

Ghabh ÚRSD cleachtadh suntasach pleanála fórsa saothair de láimh sa bhliain 2022, rud lenar aithníodh an gá le níos mó acmhainní chun ár sainchúram leathan agus ár gcuspóirí reachtúla dúshlánacha a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2022, chuir ÚRSD tús le ré nua ina fhorbairt nuair a rinneadh an Plean Straitéiseach nua 2022-2025 uainn a chruthú agus a fhoilsiú. Is é an toradh a bheidh ar ár bhfís athbhreithnithe agus ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha athnuaite ná go mbeidh de chumas againn bheith níos éifeachtúla agus níos dírithe ar thomhaltóirí sa todhchaí, agus forbairt á déanamh ar an obair ullmhúcháin a rinneadh go dtí seo.

Agus forbairt á déanamh againn ar an mbunsraith láidir atá ann cheana, aithnímid nach mór do ÚRSD anois ardchaighdeáin éifeachtúlachta agus chothroime a shocrú agus a ghnóthú i soláthar an chórais láimhseála gearán agus sna seirbhísí uile a sholáthraímid. Thar thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh nua seo, déanfaimid soláthar na seirbhísí a sholáthraímid a thagarmharcáil, socróimid spriocanna dúshlánacha agus ardchaighdeáin agus déanfaimid dianiarracht iad a chomhlíonadh agus feidhmiú os a gcionn.





## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha

Is é atá sa tuarascáil bhliantúil seo ná an tuarascáil deiridh ina rianaítear an dul chun cinn ar na gníomhartha agus na spriocanna i bPlean Straitéiseach 2019-2022 ó ÚRSD a chomhlíonadh. Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach nua na trí thosaíocht straitéiseacha seo a leanas, mar aon le spriocanna agus gníomhartha chun tacú le baint amach na dtosaíochtaí straitéiseacha sin:

- **Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú**
  *Breiseoimid éifeachtúlacht oibriúcháin chun ár gcroí-oibríochtaí rialála agus ár gcroísheirbhísí rialála a sholáthar ar bhealach éifeachtach neamhspleách agus de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte.*

- **Caighdeáin Ghairmiúla a Chur Chun Cinn agus Nuálaíocht a Spreagadh**
  *Cuirfimid caighdeáin ghairmiúla chun cinn agus spreagfaimid nuálaíocht agus dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, i nglacadh sa ghairm dlí, sa rochtain ar cheartas agus i gcosaint tomhaltóirí.*

- **Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh**
  *Cuirfimid feabhas ar an bhfeasacht ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí rialála ÚRSD agus ar shaincheisteanna eile atá ábhartha don earnáil seirbhísí dlí trí chumarsáid bhreisithe agus caidreamh breisithe leis an bpobal, le dlí-chleachtóirí agus le geallsealbhóirí eile.*

## Creat Feidhmíochta

Tugtar breac-chuntas sna tosaíochtaí straitéiseacha seo ar uaillmhian ÚRSD chun forbairt agus nuáil a dhéanamh go hinmheánach agus go seachtrach araon, agus díriú láidir á leagan ar thorthaí a sholáthar do thomhaltóirí seirbhísí dlí agus do dhlí-chleachtóirí. Leis sin, brúfar chun cinn tuilleadh feabhsuithe ar an dóigh a soláthraímid ár seirbhísí agus a gcothaímid caidreamh níos láidre le príomh-gheallsealbhóirí, a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid de tháirgeadh an phlean.

Chun ár ndul chun cinn a rianú i gcomórtas lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, is taca ag an bPlean Straitéiseach é creat mionsonraithe spriocanna, gníomhartha agus príomhspriocanna inghnóthaithe. Beidh an plean ar an mbonn lenár bpróiseas bliantúil pleanála gnó agus lenár ngníomhaíochtaí bainistíochta agus forbartha feidhmíochta thar a thréimhse feidhme.

Ba é a bhí sa Phlean Straitéiseach nua a ullmhú ná deis thráthúil sa bhliain 2022 dár ngeallsealbhóirí agus dúinn féin ár machnamh a dhéanamh ar an treo ba cheart do ÚRSD a leanúint sna trí bliana romhainn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na geallsealbhóirí uile sin a thug a dtuairimí mar chuid dár gcomhairliúchán poiblí ar ullmhú na straitéise nua. Gabhaim buíochas freisin lenár mbaill foirne thiomnaithe as an méid a rannchuidigh siad go díreach leis an straitéis nua a mhúnlú agus as a dtiomantas leanúnach buanseasmhach do chuspóir, misean agus luachanna ÚRSD.

## Láimhseáil Gearán

Ba í an bhliain faoi athbhreithniú an tríú bliain iomlán a bhí ÚRSD ar an gcomhlacht neamhspleách láimhseála gearán le haghaidh gearáin faoi aturnaetha agus faoi abhcóidí. Tháinig laghdú ar an líon gearán a fuarthas sa bhliain, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. D'oscail ÚRSD 1,352 chomhad gearáin sa bhliain 2022, i gcomparáid le 1,599 gcomhad gearáin a osclaít sa bhliain 2021. Tugtar le fios san anailís uainn gurbh é an chúis phríomha leis sin ná méadú géar a thit amach sa bhliain 2021 sa líon gearán a fuarthas ó institiúidí airgeadais a bhí ar tí an margadh Éireannach a fhágáil. Táthar dóchasach go dtosóidh an líon gearán ag cobhsú anois.

Cé gur tháinig laghdú ar an líon gearán a fuarthas, léirítear sa mhiondealú ar na cineálacha gearán a fuarthas go bhfuil treocht chomhsheasmhach ann. Is freagrach as thart ar dhá thrian den iomlán (64%) atá gearáin a bhaineann le mí-iompar líomhnaithe, agus tá na gearáin sin a bhaineann le costais iomarcacha ag leanúint ar aghaidh ag titim (go 4% den iomlán a fuarthas sa bhliain 2022 ó 5% den iomlán sa bhliain 2021 agus ó 7% den iomlán sa bhliain 2020). Tháinig méadú beag ar an gcéatadán de ghearáin a bhain le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí, ó 27% den iomlán sa bhliain 2021 go 32% den iomlán sa bhliain 2022.

Tá áthas orm a chur in iúl gurbh amhlaidh, sa chéad bhliain riamh ó thosaigh ÚRSD ag fáil gearáin i gcoinne dlí-chleachtóirí agus ag imscrúdú na ngearán sin, ba mhó an líon gearán a dúnadh ná an líon gearán a fuarthas. Sa bhliain 2022, dhún ÚRSD 1,483 ghearán. Dúntar gearáin ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear nuair a réitíodh go rathúil iad idir na páirtithe le cabhair ó ÚRSD nó nuair a rinne ÚRSD, an Coiste um Ghearáin nó an Coiste Athbhreithnithe cinneadh orthu. Chomh maith leis sin, féadfar gearáin a dhúnadh ag céim luath den phróiseas láimhseála gearán má chinntear iad a bheith neamh-inghlactha.

Mar a bhí amhlaidh roimhe seo, is é atá san ardráta dúnta gearán a tuairiscíodh sa bhliain ná léiriú ar iarrachtaí marthanacha fhoireann ÚRSD feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí agus próisis láimhseála gearán a bheachtú.

Bhí méadú ann freisin sa bhliain sa ghníomhaíocht ar thug an Coiste Athbhreithnithe agus an Coiste um Ghearáin fúithi, ar coistí iad a bunaíodh faoin Acht sa bhliain 2020. Tháinig an Coiste um Ghearáin le chéile 54 huaire sa bhliain 2022 agus tháinig an Coiste Athbhreithnithe le chéile seacht n-uaire. Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine a shuíonn ar na coistí sin atá ina gcuid lárnach den bhonneagar gearán.

## Cumarsáid agus Taighde

Mar a bhíonn amhlaidh i gcónaí, bhí clár oibre dúshlánach taighde agus tuairiscithe le cur i gcrích ag ÚRSD sa bhliain 2022. Mar aon leis an dá thuarascáil ar oibriú na feidhme gearán, d'fhoilsigh ÚRSD an tuarascáil bhliantúil ar ghlacadh sa ghairm dlí freisin. Leanadh ar aghaidh lenár gcuid taighde ar an bhféidearthacht a bhaineann le gairm nua a thabhairt isteach arb éard í tíolacóir. Chomh maith leis sin, leanamar ar aghaidh ag labhairt le geallsealbhóirí faoin taighde atá á dhéanamh ag ÚRSD ar iarraidh a fháil ón Aire Dlí agus Cirt ar na bacainní eacnamaíocha agus na bacainní eile atá a mbíonn abhcóidí agus aturnaetha atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo.

Táim buíoch de gach duine a chabhraigh linn ár gclár oibre taighde a chur i gcrích, go háirithe iad sin a rinne aighneachtaí lenár gcomhairliúcháin phoiblí, a chabhraigh le sainghrúpaí tagartha, a chomhlánaigh ceistneoir nó a rinne teagmháil linn i ndáil le moltaí féideartha. Táimid ag súil leis an dá thuarascáil sin a fhoilsiú sa bhliain 2023.

Ó thaobh na cumarsáide de, d'athbhreithníomar suíomh Gréasáin ÚRSD chun a chinntiú go mbeadh sé inrochtana do chách agus d'athbhreithníomar an fhaisnéis a sholáthraímid do thomhaltóirí agus do dhlí-chleachtóirí araon. D'ainneoin na srianta a bhí i bhfeidhm de dheasca phaindéim Covid-19, bhí ÚRSD in ann teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí ag imeachtaí ar líne agus ag cainteanna ar líne. Bhí ríméad orm, áfach, bheith in ann freastal go pearsanta i mí na Samhna ar sheoladh an tsuirbhé bhliantúil a dhéanann Evelyn Partners ar ghnólachtaí dlí agus bheith in ann labhairt ag an ócáid sin.





## Ordacháin ÚRSD a Fhorfheidhmiú

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne ÚRSD iarratas chun na hArd-Chúirte den chéad uair riamh ar orduithe lena gcuirtear ar dhlí-chleachtóirí cloí le hordacháin arna ndéanamh de bhun gearáin a imscrúdaíodh agus ar seasadh leo. I gcás go ndéanann ÚRSD nó ceann dá choistí ordachán agus go dteipeann ar an dlí-chleachtóir cloí leis an amlíne riachtanach, déanfaidh ÚRSD iarratas chun na hArd-Chúirte ar fhorfheidhmiú agus lorgóidh sé ordú le haghaidh costas freisin. Níor cheart aon chaingean den sórt sin a bheith riachtanach toisc gur cheart do gach dlí-chleachtóir cloí leis na hordacháin ón rialálaí. Mura gcloítear leo, cruthaítear obair neamhriachtanach, rud a mhoillíonn an córas agus a chruthaíonn costais bhreise freisin, ar costais iad a chuirtear ar aghaidh chuig na dlí-chleachtóirí uile tríd an tobhach bliantúil a mbailíonn ÚRSD é chun a oibríocht a chistiú.

## Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023, a óstáil

Bhí ríméad ar ÚRSD gur roghnaíodh é le linn na bliana chun Comhdháil Idirnáisiúnta bhliantúil na Rialálaithe Dlí a óstáil sa bhliain 2023. Ag teacht sna sála ar Shingeapór, ar an Háig, ar Albain agus ar Chicago, is mór an chreidiúint do ÚRSD gur roghnaíodh é chun an chomhdháil a óstáil chomh gairid sin tar éis a bhunaithe. Freastalaíonn rialálaithe dlí ó áiteanna ar fud an domhain ar an ócáid sin mar ghnáthnós, agus táimid ag súil le fáilte a chur roimh thoscairí chuig an gcomhdháil i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023.

## Buíochas le Geallsealbhóirí agus leis an bhFoireann

Mar a bhí amhlaidh i ngach bliain eile, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann agus lucht bainistíochta an Dlí-Chumainn, Bharra na hÉireann agus Chumann Onórach Óstaí an Rí as a gcúnamh dár gcuid oibre, go háirithe as na haighneachtaí meáite mionsonraithe a rinne na comhlachtaí gairmiúla leis na comhairliúcháin phoiblí a sheolamar go minic.

Mar atá luaite agam, cé go bhfuil neamhspleáchas ÚRSD ar an rud is tábhachtaí i ngach a ndéanaimid, ní féidir linn rialáil éifeachtach rathúil a bhaint amach gan teagmháil leanúnach a choinneáil ar bun leis na comhlachtaí gairmiúla agus le príomh-gheallsealbhóirí eile.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann bheag thiomnaithe in ÚRSD agus aitheantas ó chroí a thabhairt di. In amanna, bíonn obair ÚRSD casta agus teastaíonn tuiscint ina leith agus is minic is gá í a chur i gcrích de réir spriocdhátaí dochta. Leanann baill foirne ÚRSD le tiomantas, atrua, díograis agus dícheall a chur isteach i ngach a ndéanann siad. Ba mhaith liom a rá go mbím buíoch ó chroí díobh.

**An Dr Brian J. Doherty**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Tuarascáil Bhliantúil 2022 | ÚRSD

# 2022 AR SRACFHÉACHAINT

## NA GEARÁIN UILE

**2,925**
CINN DE GHLAONNA TEILEAFÓIN AGUS DE RÍOMHPHOIST INAR IARRADH FAISNÉIS AGUS/NÓ FOIRMEACHA GEARÁIN



**1,352**
AN LÍON GEARÁN A FUARTHAS



**1,310**
AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE hATURNAETHA

**42**
AN LÍON GEARÁN A BHAIN LE hABHCÓIDÍ

**1,483**
AN LÍON GEARÁN A DÚNADH



**348**
AN LÍON GEARÁN A RÉITÍODH

**212**
AN LÍON GEARÁN A TARRAINGÍODH SIAR

**677**
AN LÍON GEARÁN NEAMH-INGHLACTHA

## ROLLA NA nABHCÓIDÍ CLEACHTACHA

**2,957**
AN LÍON ABHCÓIDÍ AR AN ROLLA
MÉADÚ 24 NDUINE Ó 2021




**2,173**
AN LÍON ABHCÓIDÍ IS COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

**784**
AN LÍON ABHCÓIDÍ NACH COMHALTAÍ DEN LEABHARLANN DLÍ

## FOR-ROCHTAIN AGUS CAIDREAMH

**29,387**
AN LÍON DAOINE A D'ÚSÁID AN SUÍOMH GRÉASÁIN



**625**
AN LÍON LEANTÓIRÍ AR TWITTER
MÉADÚ 35% Ó 2021

**523**
AN LÍON LEANTÓIRÍ AR LINKEDIN
MÉADÚ 370% Ó 2021

## AN COISTE UM GHEARÁIN AGUS AN COISTE ATHBHREITHNITHE

**61**
AN LÍON CRUINNITHE



## CDTANNA

**82**
AN LÍON COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ DLITEANAIS THEORANTA A ÚDARAÍODH

# 2. Conas a Rialálaimid

## Gearáin, Imscrúduithe agus Réitigh

Is í seo an ceathrú bliain inar thug ÚRSD tuairisc ar a ghníomhaíochtaí láimhseála gearán sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh agus a imscrúdú an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (an tAcht).

Ba é 1,352 ghearán an líon gearán a fuarthas sa bhliain 2022, agus ba é 1,483 ghearán an líon gearán a dúnadh sa bhliain. Féadfar roinnt gearán a dhéanamh i gcoinne an aon dlí-chleachtóra amháin nó i gcoinne an aon ghnólachta dlí amháin.

Tugadh faoi thuilleadh oibre sa bhliain 2022 chun baill foirne idirghabhála a earcú chun cabhrú le gearáin a réiteach go neamhfhoirmiúil agus chun tacaíocht riaracháin a thabhairt don Choiste um Ghearáin, a imscrúdaíonn gearáin a bhaineann le mí-iompar.

B'ionann agus 31 duine an líon iomlán ball foirne sa Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach ag deireadh na bliana 2022 (dá raibh deichniúr ina mbaill foirne pháirtaimseartha). Dá ainneoin sin, níl ansin ach glanmhéadú triúr ball foirne i gcomparáid leis an mbliain 2021, de dheasca an lín ball foirne a d'éirigh as sa bhliain. Ar chúiseanna oibríochtúla éagsúla, cuireadh roinnt feachtais earcaíochta bheartaithe siar le linn na bliana agus cuirfear ar siúl iad sa bhliain 2023 ina áit.

> **Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat féin agus le gach duine eile as bhur gcuid cabhrach leis an ní seo a réiteach.**

### Na Cineálacha Gearán a n-imscrúdaíonn ÚRSD iad

Faoi Chuid 6 den Acht, féadfaidh ÚRSD trí chineál gearán a ghlacadh:

- **gearáin á rá gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh;**
- **gearáin á rá gurb iomarcach a bhí méid costas a bhí á iarraidh ag dlí-chleachtóir i leith seirbhísí dlí;**
- **gearáin á rá gurb ionann agus mí-iompar gníomh nó neamhghníomh ag dlí-chleachtóir faoin Acht.**

Tá sainmhíniú leathan tugtha ar mhí-iompar san Acht agus áirítear leis aon ghníomh nó aon neamhghníomh a bhfuil calaois nó mímhacántacht i gceist leis nó ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm. Áirítear leis freisin soláthar seirbhísí dlí a bhí, go feadh méid substainteach, de chaighdeán neamhdhóthanach, nó costais atá thar a bheith iomarcach a iarraidh.

Ní fhéadfaidh ach cliant – nó duine atá ag gníomhú thar ceann cliaint – gearán a dhéanamh le ÚRSD i gcás go measfaidh an cliant gur de chaighdeán neamhdhóthanach a bhí na seirbhísí dlí a soláthraíodh nó gurb iomarcach a bhí an méid costas a iarradh. Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh le ÚRSD faoi mhí-iompar líomhnaithe ag dlí-chleachtóir.

Maidir le gearáin a dhéantar faoi na trí fhoras atá san Acht, rangaíonn ÚRSD iad ina raon catagóirí mar chuid de phróiseas riaracháin a bhfuil mar aidhm leis ár dtuairisciú a éascú. I gcás gearán ina líomhnaítear gur soláthraíodh seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach agus gur iarradh costais iomarcacha, mar shampla, taifeadtar iad de réir an réimse oibre atá i gceist, lena n-áirítear dlíthíocht, tíolacadh, probháid agus an dlí teaghlaigh. I gcás gearán ina líomhnaítear mí-iompar, taifeadtar iad faoi chatagóirí a bhaineann le cineál an ghnímh nó an neamhghnímh is cúis leis an ngearán.





### Tuairisc a Thabhairt ar Ghearáin

Faoi alt 73 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a fheidhme gearán gach sé mhí. Foilsíodh dhá thuarascáil gearán sa bhliain 2022:

- **Tuarascáil 1-2022, a foilsíodh an 7 Aibreán, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 4 Meán Fómhair 2021 go dtí an 4 Márta 2022**
- **Tuarascáil 2-2022, a foilsíodh an 18 Samhain, lenar cumhdaíodh an tréimhse ón 5 Márta 2022 go dtí an 2 Meán Fómhair 2022**

Ós rud é nach bpléitear ach le gearáin sna tuarascálacha sin, déantar anailís níos mine ar staitisticí gearán iontu ná mar a dhéantar anseo. Tá gach tuarascáil gearán ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

### Gearáin a Ghlacadh agus a Imscrúdú

Leagtar amach san Acht agus i Rialacháin ghaolmhara próisis reachtúla mhionsonraithe le haghaidh gearáin faoi dhlí-chleachtóirí a láimhseáil. Áirítear leo sin sraith spriocdhátaí reachtúla nach mór cloí leo.
Is é an chéad chéim de láimhseáil gearán go n-osclaítear comhaid mar fhiosruithe ar an gcéad dul síos. Iniúchann baill foirne sa rannóg gearán na comhaid sin ansin chun a chinneadh an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann fiosrú na critéir le haghaidh gearáin. Is ionann an próiseas sin agus céim thábhachtach den phróiseas láimhseála gearán. I roinnt cásanna, is féidir leis méid suntasach comhfhreagrais a chruthú idir baill foirne sa rannóg gearán agus gearánaigh. Tá sé mar aidhm leis an gcomhfhreagras sin mionsonraí faoi na saincheisteanna arna dtarraingt anuas a shoiléiriú.

### Réamh-athbhreithniú ar Inghlacthacht Gearán

A luaithe a rangaítear fiosrú mar ghearán, ceanglaítear ar ÚRSD faoin Acht réamh-athbhreithniú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an gearán inghlactha. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór do ÚRSD fógra i scríbhinn a thabhairt don dlí-chleachtóir i dtaobh an ghearáin, cóip den ghearán a thabhairt don dlí-chleachtóir, agus iarraidh ar an dlí-chleachtóir freagra i scríbhinn ina mbeidh a thuairimí nó a tuairimí ar an ngearán a thabhairt. Féadfaidh baill foirne sa rannóg gearán tuilleadh faisnéise a iarraidh i scríbhinn ón ngearánach nó ón dlí-chleachtóir ag céim an réamh-athbhreithnithe freisin. I gcás gearán casta, is féidir go mbeidh roinnt babhtaí cumarsáide idir na páirtithe ag teastáil chun an próiseas sin a chur i gcrích.

> **Ó mo thaobh féin de, tá an ní socraithe agus tá an gearán réitithe. Is mór agam an obair a rinne tusa/ÚRSD sa ní seo.**

## Gearáin a Réiteach ar Shlí Neamhfhoirmiúil

Molann ÚRSD go réiteofaí gearáin go luath i gcás gur cuí. Ceanglaítear ar ÚRSD leis an Acht cuireadh a thabhairt do na páirtithe iarracht a dhéanamh nithe a réiteach i dtaca le gearáin inghlactha a bhaineann leo seo:

- **seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach;**
- **costais iomarcacha; nó**
- **mí-iompar ab ionann é agus seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach go feadh méid suntasach, dá ndéanfaí é a shuíomh.**

Is idirghabhálaithe cáilithe atá creidiúnaithe ag Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann iad na baill foirne a fhéachann le gearáin a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil trí Phróiseas Réitigh Neamhfhoirmiúil ÚRSD.

Ag brath ar an gcineál gearán, i gcás go ndiúltaíonn na páirtithe do chuireadh ó ÚRSD teacht ar réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil nó i gcás nach féidir gearán a réiteach ar shlí neamhfhoirmiúil, tugtar an gearán ar ais sa phróiseas gearán ansin. An chéad chéim eile is ea go ndéanfaidh ÚRSD cinneadh ar an ngearán nó, i gcás gearán mí-iompair, tarchuirfear é chuig an gCoiste um Ghearáin.

Thairg ÚRSD réiteach neamhfhoirmiúil i 150 cás san iomlán sa bhliain 2022. I gcás 89 ngearán, roghnaigh an cleachtóir nó an gearánach, nó an bheirt díobh, gan páirt a ghlacadh sa phróiseas. I gcás 61 ghearán san iomlán, ghlac an dá pháirtí páirt i bpróiseas réitigh neamhfhoirmiúil, i gcomparáid le 38 ngearán sa bhliain 2021.

De na gearáin sin, réitigh na páirtithe 22 cheann le cabhair ó idirghabhálaithe oilte ÚRSD, agus dúnadh iad. Maidir leis na 39 ngearán nár réitíodh, rinne ÚRSD cinneadh orthu.

## An Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe

Bunaíodh an Coiste um Ghearáin agus an Coiste Athbhreithnithe araon sa bhliain 2020. Tá tromlach comhaltaí tuata ag an dá choiste. Tá ag an gCoiste um Ghearáin 27 gcomhalta arna gceapadh ag an Údarás. Cuimsítear iontu sin: ochtar comhaltaí arna n-ainmniú ag an Dlí-Chumann; ceathrar comhaltaí arna n-ainmniú ag Barra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin); agus cúig chomhalta dhéag thuata arna gceapadh tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch.

Féadfaidh an Coiste um Ghearáin suí i gCoistí Rannacha atá comhdhéanta de thriúr nó cúigear comhaltaí. Déantar gearáin faoi mhí-iompar líomhnaithe ar chinn baill foirne ÚRSD iad a bheith inghlactha a tharchur chuig an gCoiste um Ghearáin lena n-imscrúdú. Tá sé de chumhacht ag an gCoiste um Ghearáin smachtbhannaí a fhorchur ar dhlí-chleachtóirí nó gearáin a tharchur chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí leithleach (féach tuilleadh faisnéise ar leathanach 24). Ní fhéadfaidh an Coiste um Ghearáin a chinneadh go ndearnadh mí-iompar, áfach. Mar gheall ar an líon gearán a bhain le mí-iompar líomhnaithe, ba ghá an líon suíonna de chuid Choistí Rannacha an Choiste um Ghearáin a mhéadú. Tháinig an Coiste le chéile 54 huaire sa bhliain 2022, i gcomparáid le 34 huaire sa bhliain roimhe.

Tá ag an gCoiste Athbhreithnithe freisin 27 gcomhalta a dhéantar a ainmniú agus a cheapadh ar an mbealach céanna a dhéantar na comhaltaí den Choiste um Ghearáin a ainmniú agus a cheapadh, agus suíonn sé i ngrúpaí triúir. Athbhreithníonn an Coiste Athbhreithnithe cinntí ó fhoireann ÚRSD ar ghearáin a bhaineann le seirbhísí neamhdhóthanacha dlí nó le costais iomarcacha a ghearradh. Bhí seacht suí de chuid an Choiste Athbhreithnithe ann sa bhliain 2022.

Cuireadh dhá lá ionduchtúcháin agus oiliúna ar siúl sa bhliain do chomhaltaí an Choiste um Ghearáin. Le cabhair ó bhaill foirne ÚRSD, sholáthair oiliúnóir seachtrach ag a bhfuil taithí an oiliúint.



Tuarascáil Bhliantúil 2022 | **ÚRSD**

# Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2022

## Forbhreathnú

Sa bhliain 2022, fuair an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach 2,925 cinn san iomlán de ghlaonna teileafóin agus de ríomhphoist inar iarradh faisnéis agus/nó foirmeacha gearáin.

Ar an iomlán, d'oscail an fhoireann sa rannóg gearán 1,778 gcomhad fiosraithe sa bhliain 2022. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na comhaid sin, rangaíodh 1,352 cheann díobh mar ghearáin agus cuireadh iad faoi réir an phróisis reachtúil mheasúnaithe réamh-inghlacthachta ansin. Ba mar fhiosruithe a déileáladh leis an 426 chomhad fiosraithe a bhí fágtha, agus an rannóg gearán ag tabhairt cibé faisnéis nó cabhair a bhí sí in ann a thabhairt. Cé nach rangaítear na fiosruithe sin mar ghearáin, tarlaíonn sé in amanna go dteastaíonn ó bhaill foirne ÚRSD obair shuntasach a chur isteach chun aghaidh a thabhairt orthu.

Faoi mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, ba mhó i bhfad an líon gearán a fuarthas faoi aturnaetha ná an líon a fuarthas faoi abhcóidí sa bhliain 2022, rud a bhí ag teacht leis an bhfíric gur mó an líon aturnaetha atá ann agus gur mó an leibhéal teagmhála dírí atá acu le tomhaltóirí. Den 1,352 ghearán a fuarthas, bhain 1,310 ceann le haturnaetha agus bhain 42 cheann le habhcóidí.

Léirítear i bhFíor 1 ar leathanach 22 an miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir contae, bunaithe ar láithreacha oifige na ndlí-chleachtóirí. I dteannta a chéile, tá dlí-chleachtóirí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh freagrach as geall le leath (48%) an lín iomláin gearán a fuarthas.

Agus í cothrom le 861 ghearán (64%), ba le mí-iompar líomhnaithe a bhain an chatagóir is mó gearán a fuarthas. Fuarthas 433 ghearán (32%) san iomlán ó chliaint maidir le caighdeáin neamhdhóthanacha seirbhísí dlí. Fuarthas 58 ngearán eile (4%) ó chliaint maidir le costais iomarcacha.

## Treochtaí i nGearáin

Treochtaí a bhí coitianta fós sa bhliain 2022 ba ea treochtaí áirithe a sainaithníodh go luath in oibríochtaí láimhseála gearán ÚRSD. Cé gur tháinig laghdú ar an líon gearán a fuarthas sa tréimhse seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe, léirítear sa mhiondealú ar na cineálacha gearán a fuarthas go bhfuil treocht chomhsheasmhach ann.

Is freagrach as thart ar dhá thrian den iomlán (64%) atá gearáin a bhaineann le mí-iompar líomhnaithe, agus tá na gearáin sin a bhaineann le costais iomarcacha ag leanúint ar aghaidh ag titim (go 4% den iomlán a fuarthas sa bhliain 2022 ó 5% den iomlán sa bhliain 2021 agus ó 7% den iomlán sa bhliain 2020). Tháinig méadú beag ar an gcéatadán de ghearáin a bhain le seirbhísí neamhdhóthanacha, ó 27% den iomlán sa bhliain 2021 go 32% den iomlán sa bhliain 2022.

Mar a luaigh ÚRSD i dTuarascálacha Bliantúla roimhe, cuid dhílis fós d'fhormhór na ngearán a fuarthas sna catagóirí uile a bhí i mainneachtain freagra a thabhairt ar chomhfhreagras agus a bhí i ndroch-chumarsáid.


Tháinig laghdú faoi níos mó ná a leath ar ghearáin mhí-iompair a bhain le calaois nó mímhacántacht líomhnaithe, ó 71 cheann (7%) sa bhliain 2021 go 32 cheann (4%) sa tuarascáil seo.

> **Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil libh as ár ngearán a réiteach. Níl aon fhadhb eile againn toisc go bhfuil an chuma air go bhfuil gach rud i gceart. Is mór againn bhur dtiomantas sa ní seo.**

# Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2022

## Na Gearáin Uile


Agus iad cothrom le 861 ghearán (64%), ba le mí-iompar líomhnaithe a bhain an chatagóir is mó den 1,352 ghearán a fuarthas. Fuarthas 433 ghearán (32%) san iomlán ó chliaint maidir le seirbhísí de chaighdeán neamhdhóthanach agus fuarthas 58 ngearán eile (4%) ó chliaint a rinne gearán gur gearradh costais iomarcacha orthu.




| | | |
|---|---|---|
| Mí-iompar | **861** | (64%) |
| Seirbhísí Neamhdhóthanacha Dlí | **433** | (32%) |
| Costais Iomarcacha | **58** | (4%) |
| **IOMLÁN** | **1,352** | |

## Gearáin faoi Mhí-iompar


Den 861 gearán a fuarthas faoi mhí-iompar líomhnaithe, bhain 268 gcinn (31%) le hiompar ar dóigh dó míchlú a tharraingt ar an ngairm agus bhain 241 cheann (28%) le mainneachtain cloí le gealltanas a tugadh do chomhghleacaí nó d'fhoras airgeadais. Bhain 78 ngearán eile (9%) le mainneachtain cumarsáid a dhéanamh, bhain 68 ngearán (8%) le mainneachtain comhad nó gníomhais agus doiciméid eile a thabhairt ar láimh, bhain 60 ceann (7%) le mainneachtain líomhnaithe cuntas a thabhairt ar airgead cliant agus bhain 32 cheann (4%) le calaois nó mímhacántacht líomhnaithe.




| | | |
|---|---|---|
| Míchlú a tharraingt ar an ngairm | **268** | (31.1%) |
| Gealltanas | **241** | (28.0%) |
| Mainneachtain cumarsáid a dhéanamh | **78** | (9.1%) |
| Mainneachtain comhaid a thabhairt ar láimh | **68** | (7.9%) |
| Mainneachtain cuntas a thabhairt | **60** | (7.0%) |
| Calaois nó mímhacántacht | **32** | (3.7%) |
| Eile | **114** | (13.2%) |
| **IOMLÁN** | **861** | |

## Seirbhísí Neamhdhóthanacha Dlí


Fuarthas 433 ghearán san iomlán á rá go raibh an soláthar seirbhísí dlí de chaighdeán neamhdhóthanach. Díobh sin, bhain 130 gearán (30%) le dlíthíocht, bhain 109 gcinn (25%) le tíolacadh, bhain 74 cinn (17%) le probháid agus le riaradh eastát, agus bhain 64 cinn (15%) leis an dlí teaghlaigh.




| | | |
|---|---|---|
| Dlíthíocht | **130** | (30.0%) |
| Tíolacadh | **109** | (25.2%) |
| Probháid | **74** | (17.1%) |
| An Dlí Teaghlaigh | **64** | (14.8%) |
| Fostaíocht | **14** | (3.2%) |
| Coireacht | **13** | (3.0%) |
| Eile | **29** | (6.7%) |
| **IOMLÁN** | **433** | |


## Costais Iomarcacha

Fuarthas 58 ngearán san iomlán a bhain le costais iomarcacha (róghearradh táillí). Díobh sin, bhain 18 gcinn (31%) le tíolacadh, bhain 15 cinn (25%) le dlíthíocht, bhain 13 cinn (22%) leis an dlí teaghlaigh agus bhain cúig cinn (8%) le probháid agus le riaradh eastát.




| | | |
|---|---|---|
| Tíolacadh | **18** | (31.0%) |
| Dlíthíocht | **15** | (25.9%) |
| An Dlí Teaghlaigh | **13** | (22.4%) |
| Probháid | **5** | (8.6%) |
| Fostaíocht | **2** | (3.4%) |
| Coireacht | **1** | (1.7%) |
| Eile | **4** | (6.9%) |
| **IOMLÁN** | **58** | |

**Fíor 1: Gearáin a fuarthas de réir contae sa bhliain 2022**




| | |
|---|---|
| Dlínsí eile | 7 |
| IOMLÁN | 1,352 |





# Gearáin a Dúnadh sa bhliain 2022

## Forbhreathnú

Dúnadh 1,483 ghearán san iomlán sa bhliain. Maidir le níos lú ná leath na ngearán a dúnadh (677 ngearán, a bhí cothrom le 46%), dúnadh iad toisc gur measadh iad a bheith neamh-inghlactha tar éis measúnú reachtúil.


Réitíodh 348 ngearán (23%) san iomlán idir na páirtithe, lenar áiríodh 22 ghearán a réitíodh go rathúil ar bhonn neamhfhoirmiúil le cabhair ó idirghabhálaithe oilte ÚRSD.

De bhreis air sin, ba ann do 212 ghearán a tarraingíodh siar nó nach rabhthas in ann leanúint leo ar chúiseanna eile. Is féidir nach mbeifear in ann leanúint le gearáin toisc gur scoir dlí-chleachtóir de bheith ag cleachtadh, toisc gur cuireadh ar fionraí é nó í nó toisc gur baineadh a ainm nó a hainm ón rolla. Is féidir go n-iarchuirfear imscrúdú toisc go bhfuil imeachtaí cúirte ar siúl.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gurb amhlaidh, nuair a dhéantar gearáin a tharraingt siar nó a réiteach idir na páirtithe, a fhéadfaidh ÚRSD a chinneadh go bhfuil sé ar mhaithe leis an bpobal leanúint le himscrúdú. Lean ÚRSD le gearán amháin ar an mbonn sin sa bhliain 2022.

Seasadh le 53 ghearán san iomlán agus níor seasadh le 90 gearán. Tharchuir an Coiste um Ghearáin a imscrúdaíonn gearáin faoi mhí-iompar 17 ngearán ar aghaidh chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí.

## Gearáin a Dúnadh




| | |
|---|---|
| Gearáin a cinneadh a bheith neamh-inghlactha | 677 |
| Gearáin a tarraingíodh siar (nó nach rabhthas in ann leanúint leo) | 212 |
| Gearáin a réitíodh | 348 |
| Gearáin ar seasadh leo | 53 |
| Gearáin nár seasadh leo | 90 |
| Gearáin a tarchuireadh chuig LPDT | 17 |
| Eile | 86 |
| **IOMLÁN** | **1,483** |

## Forfheidhmiú san Ard-Chúirt

Le linn na bliana 2022, d'eisigh ÚRSD seacht n-iarratas san Ard-Chúirt ar orduithe chun ordacháin a rinne ÚRSD a fhorfheidhmiú. Sna gearáin uile nach gcloítear le hordacháin iontu, tionscnaíonn ÚRSD imeachtaí forfheidhmiúcháin faoi alt 90 den Acht. Le linn iarratais den sórt sin a dhéanamh, lorgaíonn ÚRSD freisin go n-íocfadh an dlí-chleachtóir na costais a thabhaíonn sé as caingne Ard-Chúirte a thionscnamh.

## Gearáin leis an Ombudsman sa bhliain 2022

Féadfaidh gearánaigh atá den tuairim gur chaith ÚRSD go míchothrom leo gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Ní iarrann an tOmbudsman cóip den chomhad ó ÚRSD ach amháin i gcás gearáin a measann sé go dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe ina leith. Sa bhliain 2022, fuair ÚRSD iarrataí le haghaidh cóip de chomhad gearáin 63 huaire.

> **Go raibh maith agaibh as bhur n-idirghabháil. Táim tar éis cumarsáid a fháil ón aturnae inar chuir sí in iúl go bhfuil dóchas aici go gcuirfear i gcrích é roimh an Nollaig. Deimhneoidh mé nuair a bheidh sé sin curtha i gcrích. Is mór an dul chun cinn a rinneadh de bharr bhur gcabhrach.**

## An Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí

Leanadh le tuilleadh oibre sa bhliain 2022 ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) a bhunú. Tá LPDT ina chomhlacht reachtúil neamhspleách faoin Acht. Tá sé mar ról aige breithniú a dhéanamh ar ghearáin faoi mhí-iompar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí, ar gearáin iad a tharchuirtear chuige ón gCoiste um Ghearáin de chuid ÚRSD nó ón Dlí-Chumann.

Tá ag LPDT 33 chomhalta san iomlán arna gceapadh ag Uachtarán na hArd-Chúirte ar ainmniú ón Aire.[1] Tá aige 21 chomhalta thuata arna n-ainmniú ag an Aire Dlí agus Cirt. Tá aige freisin seisear ainmnithe ó Bharra na hÉireann (Comhairle an Bharra roimhe sin) agus seisear ainmnithe ón Dlí-Chumann. Is é an tUas. Tom Coughlan an chéad chathaoirleach air.

Ba sa bhliain 2021 a dréachtaíodh na Rialacháin um Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, arb iad na rialacháin lena rialaítear obair an Bhinse iad. Ag teacht sna sála ar phróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, rinneadh na rialacháin a chur i gcrích agus a ghlacadh ag cruinniú iomlánach de chomhaltaí an Bhinse i mí na Nollag 2021. Trasuíodh na Rialacháin cheadaithe ina nIonstraim Reachtúil sa bhliain 2022.

Thosaigh LPDT ag fáil iarratais ón Dlí-Chumann agus ó ÚRSD araon sna míonna deiridh den bhliain 2022 agus táthar ag súil leis go dtosóidh sé éisteachtaí i lár na bliana 2023. Ghabh LPDT clár cuimsitheach oiliúna de láimh do chomhaltaí an Bhinse sa bhliain 2022. Cé go bhfuil LPDT ina eintiteas atá ar leithligh ó ÚRSD agus a bhfuil a áitreabh féin aige, soláthraíonn ÚRSD tacaíocht riaracháin agus theicniúil dó. Is fostaithe de chuid ÚRSD iad an seachtar ball foirne tacaíochta de chuid LPDT agus tá a Chláraitheoir ina bhall d'Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD.

Ós rud é gur comhlacht reachtúil neamhspleách é, tabharfaidh LPDT tuairisc ar a chuid gníomhaíochtaí amach anseo ina Thuarascálacha Bliantúla féin.

[1] *D'éirigh comhalta amháin as sa bhliain 2022.*





# Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, Baile Átha Cliath, 2023

Tá ÚRSD ina chuid de phobal idirnáisiúnta rialálaithe seirbhísí dlí a thagann le chéile gach bliain le haghaidh ócáid líonraithe agus foghlama idir piaraí ar a dtugtar Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí.

Bhí baill foirne de ÚRSD i measc na rannpháirtithe in ócáid na bliana 2022, a cuireadh ar siúl in Chicago, Illinois, i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is é Éire an t-ionad le haghaidh Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023, a chuirfear ar siúl i mBaile Átha Cliath. Beidh sí ar siúl ón 25 Deireadh Fómhair go dtí an 27 Deireadh Fómhair sa Royal Marine Hotel i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.



Bhí baill foirne de ÚRSD i measc na rannpháirtithe i gComhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí in Chicago, Illinois, i mí na Samhna 2022



An Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus é ag labhairt ag Comhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí in Chicago, Illinois, i mí na Samhna 2022

International Conference of Legal Regulators

DUBLIN 2023

# Seirbhísí Dlí, Tobhach agus Clárúchán

## Fás Seasta sa líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta

Bhí fás seasta ann sa bhliain 2022 sa líon comhpháirtíochtaí aturnaetha a bhí ag lorg údarú ó ÚRSD chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta (CDTanna). Údaraíodh 82 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán sa bhliain.

Chuir naoi gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta san iomlán in iúl do ÚRSD sa bhliain 2022 go bhfuil sé ar intinn acu scoir de bheith ag oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 424 Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta an líon Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a bhí ar an gClár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta ag deireadh na bliana.

Fuair ÚRSD 106 fhoirm um chomhaltas a athrú ó Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2022, agus próiseáladh na hathruithe ar bhealach tráthúil.

Eisíodh na Rialacháin fán Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta) (Alt 130), 2019, atá mar chreat údarúcháin um Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, an 23 Deireadh Fómhair 2019.

Le húdarú chun oibriú faoi dhliteanas teoranta de réir an Achta, ceadaítear do chomhpháirtíochtaí aturnaetha atá ann cheana a ndliteanas pearsanta a laghdú. Mar shampla, cosnaítear a gcuid sócmhainní pearsanta ar fhaillí na gcomhpháirtithe eile sa Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta. Is féidir fós go mbeidh comhpháirtí faoi dhliteanas fiachais, dualgais nó dliteanais a eascraíonn, mar shampla, as gníomh nó neamhghníomh ag an gcomhpháirtí a bhfuil calaois nó mímhacántacht ag gabháil leis agus ab ábhar do chinneadh go raibh mí-iompar ann nó do chiontú coiriúil.

Tá freagrachtaí ag gabháil le dliteanas pearsanta dlí-chleachtóirí a theorannú. Áirítear leo sin árachas cuí slánaíochta gairmiúla a chothabháil agus tionchar na samhla oibriúcháin Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a chur in iúl go soiléir do chliaint agus do chreidiúnaithe. Déanann ÚRSD an Clár Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta a chothabháil agus a athrú chun dáta go tráthrialta. Is liosta é sin de na comhpháirtíochtaí aturnaetha atá údaraithe chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Tá an Clár ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

Lean ÚRSD le teagmháil chuiditheach a choinneáil ar bun le hiarratasóirí agus le daoine eile ar fud na bliana 2022. Thug baill foirne freagra ar cheisteanna ó ghnólachtaí a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus le próisis éagsúla faoi na Rialacháin. Áiríodh leo sin iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta, ar scor d'oibriú agus ar ainm na gcomhpháirtithe i gComhpháirtíocht Dliteanais Theoranta a athrú. Thug baill foirne ÚRSD freagra ar 54 cheist a bhain le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2022.

Ceanglaítear le halt 125(9) den Acht ar ÚRSD breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart údarú a thabhairt do ghnólacht iomchuí chun oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta tráth nach déanaí ná 60 lá ó fhoirm iarratais bhailí agus táille a fháil. Ba é 25 lá an meán-aga próiseála sa bhliain 2022 le haghaidh iarratais ar oibriú mar Chomhpháirtíocht Dliteanais Theoranta.







## Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta Nua sa bhliain 2022

Tugtar léargas úsáideach sna sonraí ó ÚRSD faoin 82 chomhpháirtíocht aturnaetha a údaraíodh chun oibriú mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta sa bhliain 2022. Ar an iomlán, údaraíodh 40 Comhpháirtíocht Dliteanais Theoranta i gContae Bhaile Átha Cliath, údaraíodh naoi gcinn i gContae Chorcaí agus údaraíodh seacht gcinn i gContae na Gaillimhe. Bhí idir beirt chomhpháirtithe agus cúigear comhpháirtithe ag formhór na gcomhpháirtithe aturnaetha (73 cinn) a údaraíodh mar Chomhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta. Ag an taobh eile den scála, bhí breis agus 25 chomhpháirtí ag ceithre chomhpháirtíocht aturnaetha san iomlán a údaraíodh sa bhliain.

### An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2022 de réir Contae




### An Líon CDTanna a Údaraíodh sa bhliain 2022 de réir an Lín Comhpháirtithe



## An Tobhach ar na Gairmeacha

Sa bhliain 2022, d'eisigh ÚRSD an ceathrú sraith fógraí measúnachta tobhaigh bhliantúil uaidh. Faoi Chuid 7 den Acht, is faoi réir an tobhach a íoc atá Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle an Bharra (ar a dtugtar Barra na hÉireann anois) agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Is é an tobhach príomhshásra cistiúcháin ÚRSD. Ríomhtar méid an tobhaigh a bhí iníoctha sa bhliain 2022 chun na costais oibriúcháin agus na caiteachais riaracháin a thabhaigh an tÚdarás sa bhliain airgeadais roimhe a chumhdach.

Le toiliú ón Aire, chinn ÚRSD costais oibriúcháin agus caiteachais riaracháin an Údaráis don bhliain airgeadais 2021. Ina dhiaidh sin, ríomh ÚRSD an sciar den tobhach a bhí iníoctha ag an Dlí-Chumann, ag Barra na hÉireann agus ag abhcóidí nach comhaltaí den Dlí-Chumann iad. Tá díolúine ón tobhach ag dlí-chleachtóirí atá i seirbhís lánaimseartha an Stáit faoi alt 97 den Acht. Toisc a chuirtear san áireamh le linn an tobhach a ríomh is ea an líon gearán a dhéantar i gcoinne aturnaetha agus abhcóidí. Thosaigh ÚRSD ar ghlacadh le gearáin maidir le dlí-chleachtóirí an 7 Deireadh Fómhair 2019 tar éis thosach feidhme Chuid 6 den Acht. B'ionann an tobhach don bhliain airgeadais 2021 agus €184.11 in aghaidh an abhcóide nach comhalta den Leabharlann de é nó í, €190.97 in aghaidh an chomhalta den Leabharlann Dlí agus €255.67 in aghaidh an aturnae.

Mar a cheanglaítear le halt 95 den Acht, d'eisigh ÚRSD Fógraí Measúnachta Tobhaigh an 9 Meitheamh 2022 chuig an dá chomhlacht ghairmiúla agus chuig an 534 abhcóide aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad. Eisíodh 121 Fhógra Bhreise san iomlán ina dhiaidh sin chuig abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí iad, mar a cheanglaítear le halt 96(2) den Acht. Chomh maith leis sin, fuair ÚRSD 87 gceist maidir leis an tobhach sa bhliain 2022 agus thug sé freagra orthu.

Bhí 99.81% den tobhach don bhliain airgeadais 2021 íoctha le ÚRSD faoin 31 Nollaig 2022.





## Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a Chothabháil

Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát.

Tá an Rolla ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Tá sé ina uirlis thábhachtach trínar féidir le daoine den phobal a bheith cinnte go bhfuil an t-abhcóide atá ag soláthar seirbhísí dlí thar a gceann i dteideal go dlíthiúil déanamh amhlaidh. Is gá freisin an tobhach ar abhcóidí a ríomh agus a riaradh i gceart.

Cuirtear cosc ar abhcóidí cáilithe le halt 136 den Acht seirbhísí dlí a sholáthar mura bhfuil a n-ainm taifeadta ar an Rolla.

Athraíonn ÚRSD an Rolla chun dáta ar bhonn tráthrialta, mar shampla i gcás go nglaoitear abhcóidí nua chun Barra na hÉireann agus go ndéanann siad iarratas ar a n-ainm a thaifeadadh ar an Rolla, i gcás nach mór a mionsonraí a leasú, nó i gcás go scoireann siad de bheith ag cleachtadh agus go n-iarrann siad go mbainfí a n-ainm den Rolla.

Cuireadh mionsonraí 137 nduine d'abhcóidí cleachtacha leis an Rolla le linn na bliana. Ba é dhá lá oibre an meán-aga slánúcháin le haghaidh iarratas. Déileáladh sa bhliain 2022 le 89 gceist san iomlán a bhain leis an Rolla.

Mhéadaigh an líon abhcóidí ar an Rolla ó 2,933 dhuine an 1 Eanáir 2021 go 2,957 nduine an 31 Nollaig 2022. Bhí 2,173 dhuine díobh sin ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí agus ní raibh 784 dhuine díobh ina gcomhaltaí den Leabharlann Dlí. Fuair ÚRSD 337 n-iarraidh ar leasuithe ar a mionsonraí le linn na bliana.

I gcás nach mian leo a thuilleadh seirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach, féadfaidh abhcóidí iarratas a dhéanamh go mbainfí a n-ainm den Rolla. Féadfaidh ÚRSD abhcóidí a bhaint den Rolla ar chúiseanna eile, lena n-áirítear mainneachtain an tobhach a íoc. Baineadh 113 abhcóide san iomlán den Rolla sa bhliain 2022.

## ÚRSD agus Iarratais ‘Abhcóide Sinsir’

I mí Aibreáin 2020, bhunaigh an tÚdarás an Coiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta faoi alt 172(1) den Acht. Is é ról an Choiste Chomhairligh moltaí a dhéanamh don Rialtas chun Paitinní Tosaíochta a dheonú d’iarratasóirí ar aturnaetha nó abhcóidí iad. Tá teidlíocht ag aturnae nó abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di chun úsáid a bhaint as an teideal ‘Abhcóide Sinsir’. De bhreis air sin, tá teidlíocht ag abhcóide a ndeonaítear Paitinn Tosaíochta dó nó di go nglaofar é nó í chun Barra na Sinsear. Sular bunaíodh an córas iarratas a cruthaíodh san Acht, ní raibh teidlíocht chun an teideal ‘Abhcóide Sinsir’ a lorg ach amháin ag abhcóidí.

Is é an Príomh-Bhreitheamh a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comhairleach, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí. D’ainmnigh an tAire Dlí agus Cirt an Dr Don Thornhill, Cathaoirleach an Údaráis, chuig an gCoiste Comhairleach sa bhliain 2020. Thug ÚRSD cúnamh cléireachais agus riaracháin don Choiste le linn na bliana 2022.

D’eisigh an Coiste Comhairleach an tríú glao uaidh le haghaidh iarratais ar mholtaí i mí na Nollag 2021. Fuair sé 61 iarratas san iomlán – 20 ceann ó aturnaetha agus 41 cheann ó abhcóidí. I mí an Mheithimh 2022, cheadaigh an Rialtas deonú an teidil “Abhcóide Sinsir” do 28 n-abhcóide agus do sheisear aturnaetha, bunaithe ar na moltaí ón gCoiste Comhairleach.

Rinneadh glao an Choiste Chomhairligh le haghaidh iarratas trí shuíomh Gréasáin ÚRSD, ar ar postáladh faisnéis mhionsonraithe d’iarratasóirí, lenar áiríodh treoir agus foirmeacha iarratais. Osclaíodh an ceathrú glao ón gCoiste le haghaidh iarratas i mí na Nollag 2022. Dúnadh é i mí Feabhra 2023.

### Moltaí an Choiste Chomhairligh (um dheonú Paitinní Tosaíochta), 2022

| Abhcóide | | Aturnae | |
|---|---|---|---|
| Baineann | Fireann | Baineann | Fireann |
| 16 | 12 | 4 | 2 |
| 28 | | 6 | |
| IOMLÁN 34 | | | |





# Caidreamh agus Ócáidí



*Labhair an Dr Brian Doherty (sa lár), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, i mí na Samhna ag seoladh an tSuirbhé Bhliantúil ar Ghnólachtaí Dlí, 2022, arna reáchtáil ag Evelyn Partners Ireland. In éineacht le Paul Wyse (ar chlé), Ceann Seirbhísí Comhairleacha, agus John O’Callaghan (ar dheis), Comhpháirtí Bainistíochta, Seirbhísí Gairmiúla, Evelyn Partners Ireland.*




*I mí na Bealtaine, shínigh an Dr Brian Doherty (ar chlé), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus Tom Coughlan (ar dheis), Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, Comhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás agus an Binse.*




*An Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus é ag labhairt ag ceann amháin den dá cheardlann foirne i mí Lúnasa 2022 chun ionchur a bhailiú le haghaidh an Phlean Straitéisigh nua 2022-2025 ó ÚRSD.*



*I mí an Mheithimh, d’óstáil ÚRSD cuairt taighde a thug an tOllamh Ron Paterson, Cathaoirleach an Athbhreithnithe Neamhspleách ar an gcreat reachtúil le haghaidh seirbhísí dlí in Aotearoa, an Nua-Shéalainn. Tá an tOll. Paterson sa phictiúr leis an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus le baill den Fhoireann Ardbhainistíochta.*

# 3. Conas a Dhéanaimid Caidreamh agus a Nuálaimid

## Tuarascálacha Taighde agus Moltaí

*Sa bhliain faoi athbhreithniú, foilsíodh trí thuarascáil reachtúla atá ag teacht le raon feidhmeanna an Údaráis agus leis na freagrachtaí atá air faoin Acht as taighde agus tuairisciú a dhéanamh.*











### Tuarascálacha ar Ghearáin, 2022

*Béim a leagan ar théamaí i ngearáin chun feasacht a mhúscailt agus chun caighdeáin a fheabhsú*

Ceanglaítear ar ÚRSD faoi alt 73 den Acht tuarascáil ar oibriú ár bhfeidhme neamhspleáiche láimhseála gearán a fhoilsiú gach sé mhí. Thosaigh ÚRSD ar ghearáin faoi aturnaetha agus abhcóidí a ghlacadh an 7 Deireadh Fómhair 2019 faoi Chuid 6 den Acht.

Foilsíodh an chéad tuarascáil ar ghearáin den bhliain 2022 an 7 Aibreán. Thuairiscigh sé go bhfuair sé 822 ghearán ón 4 Meán Fómhair 2021 go dtí an 4 Márta 2022 agus gur dhún sé 811 ghearán sa tréimhse chéanna. Sa dara tuarascáil ar ghearáin, a foilsíodh an 18 Samhain, cumhdaíodh an tréimhse tuairiscithe ón 5 Márta go dtí an 2 Meán Fómhair 2022. Léiríodh inti go bhfuair ÚRSD 778 ngearán agus gur dhún sé 754 ghearán sa tréimhse tuairiscithe.


Leagtar béim sna tuarascálacha leathbhliantúla sin ar théamaí atá ag teacht chun cinn i ngearáin agus sainaithnítear iontu cé na réimsí a bhféadfaimis ceachtanna a fhoghlaim agus caighdeáin a ardú iontu. Áirítear leis na tuarascálacha seo cás-staidéir anaithnidithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le tomhaltóirí agus le soláthraithe seirbhíse dlí araon foghlaim ónár scrúdú ar ghearáin aonair.

### Tuarascáil Bhliantúil 'Pathways to the Professions', 2021

*Sonraí a bhailiú faoi bheartais na gairme dlí maidir le glacadh*

Rinneadh an tríú tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh, rud a cheanglaítear le halt 33 den Acht, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Aibreáin 2022.

Sa tuarascáil *'Pathways to the Professions'*, cuireadh sonraí cuimsitheacha i láthair faoin líon daoine a glacadh chun cleachtadh mar aturnaetha agus mar abhcóidí le linn na bliana 2021. Tháinig sé sna sála ar chomhairliúchán reachtúil a bhfuarthas naoi n-aighneacht i scríbhinn san iomlán ina leith. Tháinig an tuarascáil ar an gconclúid seo a leanas: *"Ní raibh tionchar aonfhoirmeach ag an bpaindéim ar gach earnáil den gheilleagar intíre ná laistigh den earnáil seirbhísí dlí. Bhraith aturnaetha agus abhcóidí éifeacht na paindéime go pointí difriúla, ag brath ar raon tosca, lena n-áirítear an réimse cleachtais agus, i gcás aturnaetha, méid an ghnólachta. Faoin dara ráithe den bhliain 2021, bhí comharthaí ag teacht chun cinn go raibh téarnamh ginearálta ann i rátaí fostaíochta agus i dtuilleamh ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear na gairmeacha uile. Filleadh sa bhliain freisin ar roinnt dóchais agus muiníne i measc gnólachtaí dlí, áit ar tháinig earcú tuairiscithe foirne chun cinn an athuair agus a raibh dúshláin ag mórghnólachtaí dlí i mBaile Átha Cliath maidir le baill foirne a choinneáil."*




## Plean Straitéiseach Nua a Fhorbairt

Sa bhliain 2022, cheadaigh an tÚdarás Plean Straitéiseach nua ÚRSD don tréimhse 2022-2025 i gcomhréir le halt 20 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015. Ceanglaítear ar an Údarás le halt 20 plean trí bliana a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt laistigh de shé mhí roimh gach tríú comóradh bliana ó lá an bhunaithe, mar atá an 1 Deireadh Fómhair 2016. Dá bhrí sin, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 leis an bPlean Straitéiseach seo.

Agus an plean á fhorbairt, bhreithnigh coiste feidhmiúcháin ÚRSD ceanglais reachtúla agus rialachais ÚRSD maidir le pleanáil straitéiseach. Rinneadh raon gníomhaíochtaí comhairleachta. Chomh maith leis sin, rinne coiste feidhmiúcháin ÚRSD caidreamh le comhlachtaí rialála eile agus le gníomhaireachtaí comparadóra eile agus d'athbhreithnigh sí raon pleananna straitéiseacha ó roinnt comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla.

Chuathas i gcomhairle le baill foirne ÚRSD agus tugadh an deis dóibh rannchuidiú le pleanáil straitéiseach na heagraíochta. Rinneadh suirbhé ar na fostaithe ar dtús maidir le conas a idirghníomhaíonn an eagraíocht leis an bpobal agus le gairmithe dlí araon. Cuireadh roinnt ceardlann foirne ar siúl ina dhiaidh sin, ar lena linn a pléadh tosaíochtaí na heagraíochta thar an gcéad trí bliana eile.

Chomh maith leis sin, seoladh suirbhé chuig príomh-gheallsealbhóirí agus chuig daoine den phobal freisin chun a dtuairimí a bhailiú faoin gcuma ba cheart a bheith ar an tríú plean straitéiseach ón eagraíocht.

Rinne comhaltaí an Údaráis an Plean Straitéiseach a bhreithniú agus a cheadú ag an gcruinniú i mí Mheán Fómhair 2022.

Sainaithnítear sa phlean trí thosaíocht straitéiseacha i gcomhthéacs obair ÚRSD mar rialálaí san earnáil seirbhísí dlí agus mar eagraíocht:

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1:**
**Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú**

**Breiseoimid éifeachtúlacht oibriúcháin chun ár gcroí-oibríochtaí rialála agus ár gcroísheirbhísí rialála a sholáthar ar bhealach éifeachtach neamhspleách agus de réir caighdeáin shainaitheanta thagarmharcáilte.**

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2:**
**Caighdeáin Ghairmiúla a Chur Chun Cinn agus Nuálaíocht a Spreagadh**

**Cuirfimid caighdeáin ghairmiúla chun cinn agus spreagfaimid nuálaíocht agus dul chun cinn san oideachas agus san oiliúint, i samhlacha gnó um chleachtas dlí, i nglacadh sa ghairm dlí, sa rochtain ar cheartas agus i gcosaint tomhaltóirí.**

**TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3:**
**Feasacht a Mhéadú trí Chumarsáid agus trí Chaidreamh**

**Cuirfimid feabhas ar an bhfeasacht ar ghníomhaíochtaí agus seirbhísí rialála ÚRSD agus ar shaincheisteanna eile atá ábhartha don earnáil seirbhísí dlí trí chumarsáid bhreisithe agus caidreamh breisithe leis an bpobal, le dlí-chleachtóirí agus le geallsealbhóirí eile.**

Chun an dul chun cinn a thomhas i gcomórtas leis na tosaíochtaí straitéiseacha sin, is taca ag an bplean é creat mionsonraithe spriocanna, gníomhartha agus príomhspriocanna inghnóthaithe. Beidh an plean ar an mbonn le próiseas bliantúil pleanála gnó agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus forbartha feidhmíochta ÚRSD thar a thréimhse feidhme.





# Taighde Leanúnach sa bhliain 2022

## Na Bacainní Eacnamaíocha agus Eile a mbíonn Aturnaetha agus Abhcóidí atá tar éis a nGairm a Thosú ag Déileáil leo

I mí an Mhárta 2022, chuir ÚRSD tuarascáil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt ar na bacainní agus na dúshláin a mbíonn gairmithe dlí atá tar éis a ngairm a thosú ag déileáil leo. Ba é a bhí sa tuarascáil ná achoimre ar thaighde fairsing, lena n-áirítear suirbhéanna cuimsitheacha ar aturnaetha atá faoi oiliúint agus atá tar éis a ngairm a thosú, ar abhcóidí is mic linn agus atá tar éis a ngairm a thosú agus ar fhochéimithe dlí.

Ba é a bhí sa taighde agus sa tuarascáil sin ná iarraidh ón Aire Dlí agus Cirt i mí na Samhna 2020 go mbreithneodh an tÚdarás *"na bacainní eacnamaíocha agus eile a mbíonn abhcóidí óga agus aturnaetha óga ag dul i ngleic leo tar éis dóibh a gcáilíocht ghairmiúil a bhaint amach ó Óstaí an Rí agus ón Dlí-Chumann faoi seach"*.

Tá sé beartaithe ag ÚRSD an tuarascáil agus na moltaí a fhoilsiú sa bhliain 2023.

## Anailís a Dhéanamh ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir

I mí an Mhárta 2021, agus i gcomhréir le halt 34(5)(a) den Acht, d'iarr an tAire Dlí agus Cirt tuarascáil i ndáil le gairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir.

Ag teacht sna sála ar iarraidh ar thairiscintí, roghnaigh ÚRSD INDECON, sainchomhairleoirí eacnamaíocha, i mí Eanáir 2022 chun anailís shaineolaíoch a dhéanamh ar ghairm nua a chruthú arb éard í tíolacóir. Leanadh leis an obair sin ar fud na bliana, agus tá an tuarascáil deiridh le cur isteach sa bhliain 2023. I gcomhthráth leis sin, d'oibrigh ÚRSD le gníomhaireacht sheachtrach chun suirbhé ar thomhaltóirí a reáchtáil ar eispéiris sa phróiseas tíolactha in Éirinn. Cuirfear na torthaí ar áireamh sa tuarascáil deiridh don Aire.


## An Tuarascáil Bhliantúil maidir le Glacadh a Ullmhú

I mí na Nollag 2022, sheol an tÚdarás comhairliúchán poiblí inar iarradh aighneachtaí i scríbhinn roimh an gceathrú tuarascáil bhliantúil ón Údarás maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh. Faoi alt 33 den Acht, ní foláir an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire faoi dheireadh mhí Aibreáin 2023.

# Cumarsáid agus Caidreamh

Tugann ÚRSD tús áite do chaidreamh díreach soiléir tráthrialta a choinneáil ar bun le gairmithe dlí agus leis na comhlachtaí ionadaíocha chun a chinntiú go gcoinnítear dlíodóirí ar an eolas faoina n-oibleagáidí rialála. Sa bhliain 2022, lean ÚRSD lena chaidreamh leis na tomhaltóirí agus leis an bpobal a mhéadú, agus feasacht á múscailt ar ár gcuid oibre, agus ar ár seirbhís gearán go háirithe.

Príomhthosaíocht do ÚRSD fós is ea cumarsáid agus caidreamh leis an bhfoireann freisin. I mí na Samhna 2022, d'athsheolamar ár nuachtlitir dhigiteach foirne, dar teideal Manorisms, mar fhóram coicísiúil le haghaidh an t-eolas agus an nuacht is deireanaí a thabhairt don fhoireann, lena n-áirítear faisnéis faoi ócáidí carthanais agus sóisialta.




## Imeachtaí For-rochtana ÚRSD

Ar fud na bliana tuairiscithe, bhí an Dr Brian Doherty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD, i mbun teagmhála tráthrialta le hionadaithe ón Dlí-Chumann, ó Bharra na hÉireann agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí.

Thug an Dr Doherty cainteanna ar obair ÚRSD, ar ghairmeacha sa dlí, ar na hoibleagáidí frithsciúrtha airgid atá ar abhcóidí agus ar phróiseas gearán ÚRSD do chomhlachtaí gairmiúla agus do ghrúpaí gairmiúla ar fud na tíre. Thug an Ceann Gearán cainteanna forbartha gairmiúla leanúnaí ar ghnéithe den phróiseas gearán freisin. Labhair an Dr Doherty freisin ag seoladh an tsuirbhé bhliantúil ar ghnólachtaí dlí arna reáchtáil ag Evelyn Partners.

I dteannta comhghleacaithe sinsearacha in ÚRSD, d'fhreastail an Dr Doherty ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí in Chicago i mí Dheireadh Fómhair mar bhall de phainéal agus mar rannpháirtí. Is é atá sa Chomhdháil Idirnáisiúnta ná deis dhomhanda uathúil do rialálaithe dlí, don lucht léinn, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do dhaoine eile chun an dea-chleachtas agus forbairtí éiritheacha sa réimse a chomhroinnt. Déanfaidh ÚRSD óstáil ar an gComhdháil Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Tugtar liosta iomlán in Aguisín 1 de na gníomhaíochtaí sin agus de ghníomhaíochtaí eile a rinneadh.





## Caidreamh a Mhéadú trí Ardáin Dhigiteacha

Ar fud na bliana 2022, lean ÚRSD ar aghaidh ag cur leis an bhfeasacht atá ag an bpobal, ag tomhaltóirí seirbhísí dlí agus ag ár mórbhonn geallsealbhóirí ar ár bhfeidhmeanna reachtúla.

Ceann de na príomhrudaí ar díríodh orthu inár n-obair cumarsáide sa bhliain 2022 ba ea inrochtaineacht. Le linn na bliana, d'fhreastail baill foirne ar oiliúint inrochtaineachta digití agus rinneadh athbhreithniú inrochtaineachta ar shuíomh Gréasáin ÚRSD. Leanadh leis an obair ar an rannán gearán nua de shuíomh Gréasáin ÚRSD agus cuireadh tús le hathbhreithniú Béarla shoiléir ar phríomhábhair a bhaineann le gearáin do thomhaltóirí.

Lean cuntas ÚRSD ar LinkedIn ar aghaidh ag fás, agus 523 leantóir aige faoi dheireadh na bliana. B'ionann é sin agus méadú 370% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tháinig méadú ar an líon leantóirí a bhí ag cuntas ÚRSD ar Twitter freisin, go 625 leantóir. Thug 29,387 nduine san iomlán cuairt ar an suíomh Gréasáin sa bhliain 2022.

## Clúdach sna Meáin ar ár gCuid Oibre

Le linn na bliana, d'eisigh ÚRSD 16 cinn san iomlán de phreaseisiúintí agus de chumarsáidí inar tugadh an t-eolas is deireanaí faoi nuacht agus faoi ghníomhaíochtaí. Clúdaíodh sinn i roinnt tuairiscí agus fógraí sna meáin náisiúnta, sna meáin réigiúnacha agus i bhfoilseacháin dlí. De bhreis air sin, tugadh an t-eolas is deireanaí go tráthrialta dá gcomhaltaí in Iris Dhlí-Chumann na hÉireann agus in Athbhreithniú Barra Bharra na hÉireann faoi obair ÚRSD.

Thug ár bpreasoifig freagra ar aon cheann déag de cheisteanna díreacha san iomlán a fuarthas ó iriseoirí sa bhliain.



# 4. Rialachas agus Bainistíocht

## Comhaltaí den Údarás agus a gComhlachtaí Ainmniúcháin

*Ba mar a leanas a bhí na comhaltaí den Údarás agus a gcomhlachtaí ainmniúcháin faoin Acht sa bhliain 2022:*



### An Dr Don Thornhill – Cathaoirleach
***An tÚdarás um Ard-Oideachas***

Déanann an Dr Don Thornhill cathaoirleacht ar an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí. Déanann sé cathaoirleacht ar Bhuanchoiste Ospidéil Mháithreachais Bhaile Átha Cliath freisin agus tá sé ina chomhairleoir agus ina shainchomhairleoir ar chúrsaí straitéise agus beartais. Bhí sé ina chomhalta den bhord ar roinnt comhlachtaí eile roimhe seo, lenar áiríodh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Coláiste Hibernia, Bord Rialála na gCuntasóirí Cairte, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochtaí, Foras Bainistíochta na hÉireann, Forfás, An Mol Digiteach, Coimisiún Fulbright agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Idir na blianta 1993 agus 2005, bhí sé ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás um Ard-Oideachas.



### Eileen Barrington SC
***Cumann Onórach Óstaí an Rí***

Tá Eileen Barrington ina céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Óstaí an Rí agus Choláiste na hEorpa, Brugge. Thosaigh Eileen ag cleachtadh mar abhcóide sa bhliain 1994 agus d'éirigh sí ina hAbhcóide Sinsir sa bhliain 2011. Pléann sí go príomha le dlí na hEorpa agus leis an dlí tráchtála, riaracháin agus rialála.



### Angela Black
***An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh***

Tá Angela Black ina Príomhfheidhmeannach scortha den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus d'oibrigh sí ar chosaint tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais in Éirinn agus sa Choimisiún Eorpach. Tá sí ina comhalta den Údarás Rialála Seirbhísí Dlí agus tá sí ina Stiúrthóir den Fhoras Airgeadais Shóisialta agus de Bhord Chultúr Baincéireachta na hÉireann.







### Geraldine Clarke SC
***Dlí-Chumann na hÉireann***

Tá Geraldine Clarke ina sainchomhairleoir le Gleeson McGrath Baldwin Solicitors i mBaile Átha Cliath, áit a bpléann sí le réimse na dlíthíochta. Bhí sí ina hUachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann roimhe seo. Tá sí ina hiar-Chathaoirleach ar an gCoiste um Eitic Ghairmiúil de chuid an Chomhlachais Bharra Idirnáisiúnta agus d'fhóin sí mar chomhalta de Bhord Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.



### Joan Crawford
***An Bord um Chúnamh Dlíthiúil***

Tá Joan Crawford ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an mBord um Chúnamh Dlíthiúil. Roimhe seo, bhí sí ina haturnae agus, ina dhiaidh sin, ina hAturnae Bainistíochta in Ionaid Dlí éagsúla i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina cáil reatha, cabhraíonn Joan le beartas, rialachas agus straitéis a fhorbairt don Bhord, i measc nithe eile. Tá taithí aici sa chleachtadh ginearálta agus sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aici freisin ar an dlí teaghlaigh agus ar a bheith ag plé le cásanna idirghabhála, fuadach leanaí agus cúram leanaí sna cúirteanna uile. Tá céim Mháistreachta ag Joan i mBainistíocht Phoiblí agus tá Dioplómaí aici i nDlí na hEorpa, sa Dlí um Chúram Leanaí agus sa Dlí um Meabhairshláinte agus Cumas. Tá sí ina comhalta de Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath agus den Chomhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh.



### Shane Galligan
***Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí***

Tá Shane ina Chomhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí, tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Oideachais agus, ón mbliain 2012 i leith, tá sé ina chomhalta de Chomhairle rialaithe na hInstitiúide, rud atá comhdhéanta de sheisear. Chomh maith leis sin, tá sé ina chomhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe, tá sé ina Idirghabhálaí Creidiúnaithe (CIArb) agus tá sé ina chomhbhunaitheoir ar Legal Costs ADR Ireland.



## Dermott Jewell

### *Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann*

Tá Dermott Jewell ina Chomhairleoir Beartais agus Comhairle do Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Toghadh é mar Uachtarán ar ANEC – Guth Thomhaltóirí na hEorpa sa Chaighdeánú i mí an Mheithimh 2019. Tá an tUas. Jewell ina chomhalta den Instituid Chairte Eadrána (CIArb) (Craobh Éireannach) agus tá sé creidiúnaithe in Imscrúdú agus Idirghabháil Fostaíochta. Tá sé ina chomhalta d'Institiúid Idirghabhála na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí. Tá aige Teastas Gairmiúil i Rialachas ón bhForas Riaracháin-an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



## Deirdre Malone

### *Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas*

Tá Deirdre Malone ina hiar-Stiúrthóir Domhanda i mBeartas Dlí le Twitter. Tá céim onóracha i ndlí aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2003), agus tá dioplóma i nDlí, Iontaobhaíocht agus Rialachas Carthanas aici ó Dhlí-Chumann na hÉireann (2020). Glaodh chun Barra Shasana agus na Breataine Bige í sa bhliain 2006 agus chaith sí roinnt blianta ag cleachtadh mar abhcóide le Garden Court Chambers, ag déanamh speisialtóireacht in ionchoisní agus caingne in aghaidh na bpóilíní. Bhí sí ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin d'Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2019 agus bhí sí ina Bainisteoir Dlí leis an gComhaontas um Dhlí ar mhaithe leis an bPobal ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2021. Is líonra dlí leasa phoiblí é sin a bhfuil mar aidhm leis an pobal dlí agus an tsochaí shibhialta a spreagadh chun an dlí a úsáid chun athruithe sóisialta a chur ar aghaidh. Chomh maith leis sin, d'oibrigh Deirdre roimhe sin sa rannóg dlí de Liberty (National Council for Civil Liberties (an Ríocht Aontaithe)), sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Éire) agus mar thaighdeoir d'Ard-Aighne na hÉireann.







## Sara Moorhead SC

### *Barra na hÉireann*

Tá Sara Moorhead ina hAbhcóide Sinsir agus ina hIdirghabhálaí Creidiúnaithe de chuid an Ionaid um Réiteach Éifeachtach Díospóidí. Oibríonn sí go príomha mar dhlíodóir trialacha/abhcóide seomra cúirte. Tá saineolas fairsing aici ar na réimsí seo a leanas: Athbhreithniú Breithiúnach; Díobhálacha Pearsanta; an Dlí Riaracháin agus Dlí na gConarthaí; Faillí Leighis; Faillí Ghairmiúil; an Dlí Árachais; agus an Dlí Neamhghniúiré, Tearmainn agus Inimirce. Rinne sí ionadaíocht don Rialtas in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir sí comhairle ar Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte agus ghníomhaigh sí mar Abhcóide Dlí i roinnt Binsí Fiosrúcháin freisin.



## Simon Murphy

### *Dlí-Chumann na hÉireann*

Is comhpháirtí in JRAP O'Meara LLP Solicitors i gCorcaigh é Simon Murphy. Is Eadránaí agus Idirghabhálaí cáilithe é. Rinne sé cathaoirleacht roimhe seo ar phríomh-Choistí Rialála Dhlí-Chumann na hÉireann agus tá roinnt ról rialála aige ar fud gairmeacha éagsúla faoi láthair. Chaith Simon roinnt mhaith blianta mar chomhalta tofa de Chomhairle Dhlí-Chumann na hÉireann agus bhí sé ar an Uachtarán ar Dhlí-Chumann na hÉireann sa bhliain 2015-2016. Tá sé ina iaruachtarán ar Chomhlachas Dlí an Deiscirt freisin.



## Síona Ryan (a ceapadh i mí Feabhra 2022)

### *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*

Is í Síona Ryan an Stiúrthóir um Beartas, Taighde agus Gnóthaí Idirnáisiúnta sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, áit a bhfuil de chúram uirthi dul i gcion ar fhorbairt beartais, iomaíocht a chur chun cinn agus tathant a dhéanamh ar son leasanna tomhaltóirí. Tá sí ag obair i réimse an bheartais phoiblí le breis agus fiche bliain anuas, ag obair di in institiúidí Éireannacha, in institiúidí Eorpacha agus in institiúidí idirnáisiúnta, agus tá aici céim BA i gCaidreamh Idirnáisiúnta agus céim BA sa Dlí.

# Ceapacháin agus Athcheapacháin chuig an Údarás sa bhliain 2022

Cheap an tAire Dlí agus Cirt **Síona Ryan**, ainmní de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, chuig an Údarás le litir dar dáta an 23 Feabhra 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 (an tréimhse a bhí fágtha den téarma). Athcheapadh Síona Ryan go ceann téarma trí bliana ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.

Athcheapadh **Geraldine Clarke** (ainmní de chuid an Dlí-Chumainn) agus **Dermott Jewell** (CAI) araon go ceann téarma dhá bhliain ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith (téarmaí dhá bhliain i bhfianaise ocht mbliana a bheith sa teorainn téarma chomhiomlán ar an Údarás).

Athcheapadh **Sara Moorhead** agus **Shane Galligan** go ceann téarma eile trí bliana ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.








Oifigí ÚRSD i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7





## Téarmaí Oifige na gComhaltaí den Údarás

| Comhalta den Údarás | Eagraíocht | An Chéad Téarma Ceapacháin[2] | An Dara Téarma Ceapacháin[3] | An Tríú Téarma Ceapacháin[1 2] |
|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington | Cumann Onórach Óstaí an Rí | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Angela Black | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Geraldine Clarke | Dlí-Chumann na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana | 2 Bhliain |
| Joan Crawford | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 4 Bliana | 4 Bliana | - |
| Shane Galligan [4] | Institiúid na gCuntasóirí Costas Dlí | 14 Mhí | 3 Bliana | - |
| Dermott Jewell | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | 3 Bliana | 3 Bliana | 2 Bhliain |
| Deirdre Malone [5] | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 4 Bliana | - | - |
| Sara Moorhead [6] | Comhairle an Bharra (Barra na hÉireann) | 17 Mí | 3 Bliana | 3 Bliana |
| Simon Murphy [7] | Dlí-Chumann na hÉireann | 4 Bliana | - | - |
| Síona Ryan [8] | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 7 Mí | 3 Bliana | - |
| Don Thornhill (Cathaoirleach) | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 4 Bliana | 4 Bliana | - |

² *Faoi alt 10 den Acht, déanfaidh cúigear de na comhaltaí den Údarás, a roghnófar trí chrannchur, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse trí bliana. Déanfaidh na comhaltaí eile, an Cathaoirleach ina measc, oifig a shealbhú ar feadh tréimhse ceithre bliana. Féadfaidh comhaltaí a bheith athcheaptha chuig an Údarás. Mar sin féin, ní bheidh téarma an cheapacháin níos faide sa chomhiomlán ná ocht mbliana.*

³ *Chomhaontaigh comhaltaí a bhí ar théarma trí bliana a dtéarma a fhadú go ceann trí bliana eile faoi alt 10 d'Acht 2015.*

⁴ *Ceapadh Shane Galligan chuig an Údarás le héifeacht ón 22 Iúil 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ar feadh an téarma a bhí fágtha ag Stephen Fitzpatrick ar éirí as dó. Athcheapadh Shane Galligan go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.*

⁵ *Ceapadh Deirdre Malone chuig an Údarás le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 trí litir dar dáta an 23 Feabhra 2021.*

⁶ *Ceapadh Sara Moorhead chuig an Údarás i mí na Bealtaine 2018 tar éis David Barniville a cheapadh chun na hArd-Chúirte. Bhí an ceapachán sin le maireachtáil ar feadh an téarma a bhí fágtha den cheapachán bunaidh agus athnuadh é ón 1 Deireadh Fómhair 2019 i leith. Athcheapadh Sara Moorhead go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.*

⁷ *Ceapadh Simon Murphy chuig an Údarás ón 1 Deireadh Fómhair 2020 i leith tar éis é a bheith ainmnithe ag an Dlí-Chumann chun teacht isteach in ionad James MacGuill.*

⁸ *Ceapadh Síona Ryan chuig an Údarás ón 23 Feabhra 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 chun teacht in áit Deirdre McHugh ar feadh na tréimhse a bhí fágtha den téarma sin. Athcheapadh Síona Ryan go ceann trí bliana eile ón 1 Deireadh Fómhair 2022 i leith.*

# Gníomhaíochtaí an Údaráis

Tháinig an tÚdarás le chéile cúig huaire sa bhliain, agus corp suntasach oibre á thabhairt ar aghaidh aige chun leanúint le feidhmeanna an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí a thógáil agus a chur i gcrích. De bharr thionchair Covid-19 ar ghnó agus de bharr na srianta gaolmhara a tugadh isteach, cuireadh ceithre cinn de na cruinnithe sin ar siúl ar líne. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis.

## An Chéad Chruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcéad chruinniú dá chuid sa bhliain, a cuireadh ar siúl an 20 Eanáir 2022, rinne an tÚdarás an Plean Gnó 2022 ó ÚRSD a athbhreithniú agus a cheadú. Thug Behaviour & Attitudes Ltd láithreoireacht don Údarás inar tugadh forbhreathnú ar fhionnachtana suirbhé i ndáil le Tuarascáil alt 34 ar Bhacainní ar ghlacadh isteach sa Ghairm Dlí, agus tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin obair taighde agus anailíse a bhí á déanamh le haghaidh Thuarascáil alt 34 ar Ghairm arb éard í Tíolacóir. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi obair na Rannóige Gearán agus Réiteach agus faoi na gníomhaíochtaí bunaithe le haghaidh an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT). Chomh maith leis sin, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi airgeadas ÚRSD, lenar áiríodh teagmháil idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le riachtanais chistiúcháin don bhliain 2022.

## An Dara Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an dara cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 24 Márta 2022, cheadaigh an tÚdarás na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 lena gcur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi dhul chun cinn an Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, rud lena n-áirítear leasuithe reachtacha ar Shamhail Tobhaigh ÚRSD agus leasuithe chun cabhrú le Comhpháirtíochtaí Dlí a thabhairt isteach. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi obair na Rannóige Gearán agus Réiteach agus faoi na gníomhaíochtaí bunaithe le haghaidh an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT). D'athbhreithnigh an tÚdarás an dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34 ar Bhacainní agus cheadaigh sé go gcuirfí tuarascáil ar a fhionnachtana faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin dul chun cinn ar Thuarascáil alt 34(1)(c) ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir agus ar Athbhreithniú alt 6 ar Oibriú Acht 2015.





## An Tríú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an tríú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 16 Meitheamh 2022, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás ar Thuarascáil 'Fionnachtana' alt 34 ar Bhacainní, rud a cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí an Mhárta 2022. Bhí Coiste Feidhmiúcháin ÚRSD i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt i ndáil leis an Tuarascáil 'Fionnachtana' ar Bhacainní agus leis an Tuarascáil 'Setting Standards' araon, ar tuarascálacha iad atá comhcheangailte ó thaobh an téama agus na ngníomhartha de, agus bunú an Choiste um Oideachas agus Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bheith ina thoisc ríthábhachtach. Thug an tÚdarás cead don Choiste Feidhmiúcháin caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí ábhartha maidir leis na dréachtmholtaí a bhí ag teacht as an taighde ar Bhacainní. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi Thuarascáil alt 34(1)(c) ar Ghairm Nua a Chruthú arb éard í Tíolacóir. Thug an tÚdarás dá aire gur eisíodh fógraí Tobhaigh an 9 Meitheamh 2022 chuig an Dlí-Chumann, chuig Barra na hÉireann agus chuig abhcóidí aonair nach comhaltaí den Leabharlann Dlí. Tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoi obair na Rannóige Gearán agus Réiteach agus faoi na gníomhaíochtaí bunaithe le haghaidh an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT). Thug an tÚdarás dá aire gur cuireadh tús le Plean Straitéiseach 2022-2025 ó ÚRSD a dhréachtú.

## An Ceathrú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gceathrú cruinniú dá chuid, a cuireadh ar siúl an 8 Meán Fómhair 2022, tugadh an t-eolas is deireanaí don Údarás faoin teagmháil leanúnach atá ar bun idir ÚRSD agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte araon i dtaca le leasuithe reachtacha maidir le hathruithe ar an tSamhail Tobhaigh agus le tabhairt isteach na samhla gnó Comhpháirtíochtaí Dlí, ar leasuithe iad a bhí le cur ar áireamh sa Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022. Thug an tÚdarás dá aire gurbh amhlaidh, maidir leis na hairleacain a fuarthas de bhun alt 32 d'Acht 2015 ón Aire Dlí agus Cirt idir na blianta 2016 agus 2018, agus an dá bhliain sin san áireamh, a ainmníodh iad mar chostais bhunaithe agus nach raibh siad faoi réir a bhforchúitimh. Dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt é sin tar éis teagmháil a bhí ar bun idir ÚRSD, an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Thug an tÚdarás dá aire an dúshlán leanúnach atá ann maidir le cistiú cheal na bhforálacha leasaithe tobhaigh. D'athbhreithnigh an tÚdarás an Dréacht-Phlean Straitéiseach 2022-2025 ó ÚRSD agus thug sé aiseolas ina leith don Choiste Feidhmiúcháin. Cheadaigh an tÚdarás an Plean Straitéiseach faoi réir an dréacht deiridh a bheith ag teacht leis an aiseolas ón Údarás.

## An Cúigiú Cruinniú de chuid an Údaráis

Ag an gcúigiú cruinniú dá chuid, rud a cuireadh ar siúl an 1 Nollaig 2022, dheimhnigh an tÚdarás an Rún uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2022, rud lena dtabharfaí údarás don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin toiliú leis na Rialacháin um Árachas Slánaíochta Gairme Aturnaetha, 2022, a dhéanamh. Thug an tÚdarás staid airgeadais ÚRSD ag deireadh na bliana dá aire agus thug sé dá aire freisin go mbuailfeadh an coiste feidhmiúcháin leis an Roinn Dlí agus Cirt i mí na Nollag chun an cistiú a thugtar do ÚRSD a phlé. Cuireadh in iúl don Údarás go gcuirfí tús leis an bpróiseas um dheonú Paitinní Tosaíochta don bhliain 2023 i gceann dornán laethanta. Phléigh an tÚdarás feidhmíocht na Rannóige Gearán agus Réiteach, lena n-áirítear anailísí staitistiúla. Cuireadh in iúl don Údarás gur curtha i gcrích atá an tAthbhreithniú Fórsa Saothair (lena thuairisciú don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus lena chur faoina bráid) ar ghabh Grant Thornton é de láimh agus go n-áirítear leis anailís ar riachtanais na Rannóige Gearán agus Réiteach. Thug an tÚdarás sainordú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin thar a cheann chun comhthoiliú an Údaráis leis na Rialacháin um Chuntais Aturnaetha, 2023, a sholáthar, faoi réir tuarascáil shaineolaíoch a chur i gcrích agus faoi réir aon saincheisteanna lena mbaineann tábhacht i ndáil le cosaint tomhaltóirí arna dtarraingt anuas sa tuarascáil sin a chur in iúl do na comhaltaí den Údarás. Thug an tÚdarás dá aire go bhfuair ÚRSD toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ón Aire Dlí agus Cirt chun dul isteach i léas le haghaidh an áitribh ar Shráid Bowes a n-úsáideann an Binse Araíonachta Aturnaetha é faoi láthair ionas go mbeadh sé ar an áitreabh nua don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí. Ag an deireadh ar fad, d'athbhreithnigh an tÚdarás a chlár gníomhaíochtaí don bhliain 2022 agus a threochlár gníomhaíochtaí beartaithe don bhliain 2023.

### Freastal ar Chruinnithe an Údaráis – Eanáir go Nollaig 2022

| Comhaltaí | 20/01/22 | 24/03/22 | 16/06/22 | 08/09/22 | 01/12/22 |
|---|---|---|---|---|---|
| Eileen Barrington | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Angela Black | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke | ✔ | ✘ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Joan Crawford | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Shane Galligan | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Dermott Jewell | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Deirdre Malone | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Sara Moorhead | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ |
| Simon Murphy | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ | ✔ |
| Síona Ryan | n/b | ✔ | ✔ | ✔ | ✘ |
| Don Thornhill (Cathaoirleach) | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

***Tabhair faoi deara:*** *Ceapadh Síona Ryan mar ainmní de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí i mí Feabhra 2022*





## Ráitis Airgeadais agus Soláthar

Sa bhliain 2022, chuir an tÚdarás an cúigiú tacar Ráiteas Airgeadais uaidh don tréimhse ó mhí Eanáir 2021 go mí na Nollag 2021 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. An 20 Nollaig 2022, dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais agus thuairiscigh sé gur tugadh sna Ráitis Airgeadais ó ÚRSD léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

Thug an tÚdarás faoi chleachtaí soláthair sa bhliain 2022, bunaithe ar an gcomhairle agus an cúnamh a fuarthas ón Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab ábhartha. Baineadh leas as na Creataí Uile-Rialtais a bhí ann cheana le linn na gcleachtaí soláthair nó, i gcás soláthairtí beaga, cuireadh na cleachtaí soláthair i gcrích ar aon dul leis na Treoirlínte ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

### Cruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2022

| Comhaltaí | 21/03/22 | 23/06/22 |
|---|---|---|
| Angela Black | ✔ | ✔ |
| Claire Byrne | ✔ | ✔ |
| Geraldine Clarke | ✘ | ✔ |
| Peter O'Brien | ✔ | ✔ |

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann Angela Black, comhalta den Údarás, cathaoirleacht ar Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca ÚRSD. Suíonn Geraldine Clarke, comhalta den Údarás, ar an gcoiste freisin, i dteannta na gcomhaltaí seachtracha neamhspleácha den choiste, mar atá Peter O'Brien agus Claire Byrne. Tá an Rúnaí don Údarás ar an Rúnaí don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin.

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile dhá uair sa bhliain 2022. Tháinig an líon teoranta cruinnithe sa dara sé mhí den bhliain chun cinn mar gheall ar thionchair ar acmhainní agus ar sholáthar foirne in ÚRSD, rud a chuir teorainn lena acmhainn oibriúcháin sa tréimhse sin. Ag gach cruinniú, faigheann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanann sé athbhreithniú foirmiúil ar Chlár Rioscaí ÚRSD, agus scrúdaíonn sé na bearta go léir atá déanta ag coiste feidhmiúcháin ÚRSD chun na rioscaí sin a mhaolú. Ina theannta sin, déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta agus faisnéis airgeadais ghaolmhar atá suas chun dáta ag gach cruinniú. Chomh maith leis sin, athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascálacha iniúchóireachta, idir thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí agus thuarascálacha iniúchóireachta seachtraí, do ÚRSD. Leathnaíodh sainchúram formhaoirseachta an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT), rud a gcistíonn ÚRSD é agus a chuirtear ar áireamh i gcuntais ÚRSD. Déantar Clár Rioscaí, tuarascálacha iniúchóireachta, buiséad agus ráitis airgeadais ÚRSD a bhreithniú agus a mheas ag gach cruinniú de chuid an Údaráis freisin.

# Socruithe Rialachais

Comhlacht atá neamhspleách go reachtúil is ea an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí. Faoi alt 13(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015, ceanglaítear ar an Údarás bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Treoraítear creat rialachais ÚRSD leo seo:

- **an tAcht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú);**
- **an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud ar ghlac an tÚdarás é;**
- **an Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú: Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;**
- **Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí.**

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí roinnt doiciméad rialachais a chur le chéile, lena n-áirítear:

- **Cód Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis;**
- **Téarmaí Tagartha don Údarás;**
- **Sceideal de nithe a tharmligtear agus nithe a fhorchoimeádtar don Údarás;**
- **Beartas maidir le Nochtadh Cosanta;**
- **Beartas Cosanta Sonraí;**
- **Clár Rioscaí agus Straitéis Bainistíochta Riosca;**
- **Beartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais;**
- **Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna;**
- **Plean Straitéiseach 2019-2022;**
- **Comhaontú um Dhearbhú Rialachais Chorparáidigh leis an Roinn Dlí agus Cirt;**
- **Clár um Baill Foirne atá Údaraithe go Cuí chun feidhmeanna alt 13(7) a chomhlíonadh faoin Acht;**
- **Cáirt um Sheirbhísí Ardchaighdeáin;**
- **Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí Ardchaighdeáin.**

Cuireadh na doiciméid sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD i gcás gur cuí.

## Ról an Údaráis agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Cheadaigh an tÚdarás téarmaí tagartha do ÚRSD. Leagtar amach iontu na róil faoi seach atá ag an Údarás agus ag an bPríomhfheidhmeannach mar a leanas:

### An tÚdarás:

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas:

**i.** **Treo straitéiseach agus mórphleananna gníomhaíochta ÚRSD a athbhreithniú agus a threorú;**

**ii.** **A chinntiú go gcomhlíonfar gach cuspóir reachtúil is infheidhme;**

**iii.** **An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí;**

**iv.** **Beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca;**

**v.** **Buiséid bhliantúla agus pleananna gnó;**

**vi.** **Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos;**

**vii.** **Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh;**

**viii.** **Maoirseacht a dhéanamh ar mhórbhreitheanna ar chaiteachas caipitil agus ar infheistíocht.**

### An Príomhfheidhmeannach:

Tarmligeann an tÚdarás an fhreagracht oibríochtúil as reáchtáil laethúil ÚRSD chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig foireann ardbhainistíochta ÚRSD.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Údaráis ar chuireadh a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis agus tugann sé tuairisc go rialta ar gach gné d'oibriú ÚRSD, de réir mar a éilíonn comhaltaí an Údaráis. Freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin le haghaidh an t-eolas is deireanaí a thabhairt faoi bhainistíocht riosca agus airgeadais.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin leagtha amach san Acht. Sonraítear in alt 24(3) den Acht go ndéanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

**i.** **beartais agus breitheanna an Údaráis a chur i ngníomh,**

**ii.** **foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,**

**iii.** **bheith freagrach don Údarás as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, agus**

**iv.** **cibé feidhmeanna eile (más ann) a chomhlíonadh a cheanglóidh an tÚdarás nó a údarófar faoin Acht seo.**

Aon fheidhm de chuid an Údaráis, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach nó aon bhall d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun na críche sin í a chomhlíonadh nó féadfar í a chomhlíonadh tríothu sin faoi alt 13(7) den Acht.

Cinntíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gcoimeádtar an tÚdarás ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus dúshláin straitéiseacha a théann i bhfeidhm ar ÚRSD agus ar an timpeallacht ina n-oibríonn sé.

## Coinbhleachtaí Leasa

D'fhorbair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí "Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Leasanna". I gcomhréir leis an mbeartas agus leis na Cóid Iompair do chomhaltaí agus baill foirne an Údaráis, cláraíonn comhaltaí an Údaráis agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a leasanna in aon ghnóthais iomchuí eile le Rúnaí an Údaráis ar iad a cheapadh agus ar bhonn bliantúil. De bhreis air sin, cuirtear dearbhú leasanna i míreanna sonracha ar an gclár oibre ar áireamh mar bhuanmhír de gach cruinniú de chuid an Údaráis agus de gach cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

## Meastóireacht Feidhmíochta

Déanfaidh an tÚdarás meastóireacht inmheánach sa bhliain 2023 ar a fheidhmíocht. Déanfar meastóireacht sheachtrach ina dhiaidh sin sa bhliain 2024. Cuireadh moill ar an bpróiseas sin a thosú de bharr thionchair Covid-19 agus tionchair oibríochtúla eile ar ghnó.

## Cruinnithe Rialachais agus Gníomhaireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt

Ar fud na bliana 2022, bhí ÚRSD i mbun teagmháil fhairsing le hoifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt. Cuireadh dhá Chruinniú Rialachais ar siúl sa bhliain 2022 idir ÚRSD agus an tAonad um Rialachas Sibhialta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. Cuireadh ar siúl iad an 30 Márta agus an 20 Deireadh Fómhair. Cuireadh cruinniú breise ar siúl leis an Roinn Dlí agus Cirt i ndáil le nithe airgeadais an 6 Nollaig 2022.



Tuarascáil Bhliantúil 2022 | ÚRSD

## Tuairisciú Airgeadais

Chloígh an tÚdarás le gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais sa bhliain 2022. Comhaontaíodh buiséad bliantúil don bhliain 2022 ag an gcéad chruinniú de chuid an Údaráis sa bhliain.

Chuir an Príomhfheidhmeannach cuntais bhainistíochta suas chun dáta i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis. Rinne na soláthraithe seirbhíse cuntasaíochta cuntais bhainistíochta mhíosúla a chur faoi bhráid an Údaráis agus an Choiste Feidhmiúcháin ar fud na bliana. Cinntíonn sé sin go mbíonn rochtain ag an bhfoireann ardbhainistíochta ar fhaisnéis ábhartha thráthúil airgeadais agus neamhairgeadais. Soláthraíodh na cuntais bhainistíochta don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena n-iniúchadh.

Rinneadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar Chuntais ÚRSD don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi spriocdháta an 31 Márta 2022. Cheadaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an 20 Nollaig 2022. Ina dhiaidh sin, cuireadh na cuntais iniúchta faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, mar aon le Litir Uiríll shínithe, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire agus cóip den tuarascáil iniúchóireachta a bhí le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## Frithsciúradh Airgid

Is é ÚRSD an t-údarás inniúil faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 ("Acht 2010"), arna leasú, do na habhcóidí uile sa Stát. Áirítear leo sin abhcóidí is comhaltaí den Leabharlann Dlí agus abhcóidí nach comhaltaí den Leabharlann Dlí. Déanann ÚRSD Rolla na nAbhcóidí Cleachtacha a chothabháil. Is clár inchuardaithe ar líne é a chuimsíonn ainm na n-abhcóidí uile a bhfuil teidlíocht acu chun seirbhísí dlí a sholáthar sa Stát. Is é ÚRSD an t-údarás inniúil do thart ar 3,000 abhcóide atá cláraithe ar an Rolla.

Ina cháil mar údarás inniúil, cuirtear de chúram ar ÚRSD faireachán a dhéanamh ar na soláthraithe seirbhíse dlí sin thuas a dtugtar "daoine ainmnithe" orthu agus bearta is gá go réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse dlí den sórt sin ceanglais Chuid 4 d'Acht 2010.

Tá sé mar fhreagracht ar sholáthraithe seirbhíse dlí den sórt sin gníomhú de réir na reachtaíochta frithsciúrtha airgid ábhartha ar fad a bhfuil feidhm aici maidir leo agus í a léiriú.

Bunaíodh an Coiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid (AMLSC) agus déanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht air chun formhaoirseacht agus athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar chreat na hÉireann um Fhrithsciúradh Airgid/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac, rud a bhfuil ÚRSD ina chomhalta de ina ról mar údarás inniúil.





Sa bhliain 2022, d'fhoilsigh an Coiste Stiúrtha a théarmaí tagartha agus d'fhreastail ÚRSD ar roinnt cruinnithe d'Fhoghrúpa Measúnaithe Riosca AMLSC (a bunaíodh chun a scrúdú conas ba cheart d'Éirinn a hoibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le measúnuithe riosca náisiúnta). Chomh maith leis sin, chuir ÚRSD sonraí agus staitisticí a bhaineann le frithsciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac isteach chun tacú le hanailís ar bhearnaí chun tacú le measúnuithe na hÉireann ar fhrithsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus mar chuid de láithreoireacht don mhór-Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid ar Bhailiú agus Anailís Staitisticí ag láithreoireacht sa Roinn Airgeadais an 29 Samhain 2022.

Ina cháil mar údarás inniúil, lean ÚRSD sa bhliain 2022 le faireachán agus nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá foilsithe ar a shuíomh Gréasáin chun cabhrú le habhcóidí cleachtacha i ndáil leis na hoibleagáidí athraitheacha atá orthu de bhun smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i gcoinne Stát na Rúise agus i gcoinne daoine agus eintitis Rúiseacha ghaolmhara. Bíonn ÚRSD i dteagmháil ar bhonn leanúnach mar chomhalta de AMLSC le comhaltaí eile agus le mór-gheallsealbhóirí chun sonraí agus beartas a chinneadh, a bheachtú agus a shaothrú chun a chinntiú go gcomhlíonann Stát na hÉireann na hoibleagáidí dlíthiúla atá air maidir le frithsciúradh airgid agus le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear ionchur a sholáthar don Tascfhórsa idirnáisiúnta um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) agus don Athbhreithniú Cothrománach ar Chomhlíonadh Teicniúil Gnólachtaí agus Gairmeacha Neamhairgeadais Ainmnithe (DNFBP) maidir le hÉilliú.

## An Dlí Cánach

Chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí na hoibleagáidí go léir a bhí air faoin dlí cánach sa bhliain 2022.

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá ÚRSD cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Tá Beartas Cosanta Sonraí ÚRSD ar fáil ar a shuíomh Gréasáin. Fuair ÚRSD 13 Iarraidh Rochtana ó Ábhar Sonraí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2022.

Bhí 10 sárú sonraí ag ÚRSD sa bhliain 2022. Cinneadh naoi gcinn de na sáruithe sin a bheith ina sáruithe íseal-leibhéil. Measadh sárú amháin a bheith ina riosca meánach ach a bheith intuairiscithe fós don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

## Gníomhartha Trédhearcachta

Tá Trédhearcacht agus Cuntasacht glactha ag an Údarás mar cheann amháin de na bunluachanna atá aige. Tá an tÚdarás tiomanta do thrédhearcacht i dtaca lena chuid oibre agus lena chinnteoireacht. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin ÚRSD na miontuairiscí ó gach cruinniú de chuid an Údaráis agus na pointí gníomhaíochta a eascraíonn astu. Tá gealltanas tugtha ag ÚRSD freisin go bhfoilseoidh sé gach ceann de na tuarascálacha reachtúla arna n-ullmhú ag an Údarás nó thar a cheann. Cuirtear ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD freisin na haighneachtaí a dhéantar leis an Údarás mar chuid de chomhairliúcháin phoiblí.

Cuirtear faisnéis a bhaineann leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta le suíomh Gréasáin ÚRSD ar bhonn rialta. Is féidir na doiciméid go léir maidir le príomhbheartais inmheánacha a léamh ar an suíomh freisin.

## Iarrataí Saorála Faisnéise agus Ceisteanna Ginearálta

Comhlacht Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, is ea ÚRSD. Fuair ÚRSD 18 n-iarraidh saorála faisnéise san iomlán faoin Acht sa bhliain 2022. Ba i gcomhréir leis an Acht a déileáladh leis na hiarrataí.

Maidir le ceisteanna agus iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta ón bpobal, ó na meáin, ó chomhaltaí de na gairmeacha dlí agus ó gheallsealbhóirí eile, is é an coiste feidhmiúcháin a admhaíonn iad agus a thugann freagra orthu. Tá sé mar chuspóir ag ÚRSD gach ceist agus iarraidh a admháil laistigh de thrí lá ó iad a fháil agus freagra substainteach a eisiúint, nuair is féidir, laistigh de 14 lá.





### Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2022

| Tag. | Catagóir Iarrthóra | Géilleadh don iarraidh | Géilleadh go páirteach don iarraidh | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh | Tarraingíodh an iarraidh siar | Ag fanacht le cinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 02 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 03 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 04 | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 05 | Dlí-Chleachtóir | | ✗ | | | |
| 06 | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 07 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 08 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 09 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 10 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 11 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 12 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 13 | Dlí-Chleachtóir | ✗ | | | | |
| 14 | Dlí-Chleachtóir | | ✗ | | | |
| 15 | Duine den Phobal | | | | ✗ | |
| 16 | Duine den Phobal | ✗ | | | | |
| 17 | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 18 | Dlí-Chleachtóir | ✗ | | | | |

## An Ghaeilge

Sa bhliain 2020, cuireadh ÚRSD ar áireamh mar chomhlacht poiblí chun críocha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 faoi na *Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019* (I.R. Uimh. 230 de 2020). Cuireadh leaganacha Gaeilge de thuarascálacha agus de dhoiciméid treorach ar fáil sa bhliain 2022. Chuir ÚRSD ábhair earcaíochta ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon.

## Nochtadh Cosanta

Rinne ÚRSD Beartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta a thabhairt isteach. Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta do ÚRSD sa bhliain 2022. Rinneadh tuarascáil ina léirítear an staid sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin ÚRSD.

## Comhlíonadh an Chóid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ghlac ÚRSD an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chomhlíon ÚRSD an Cód ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go hiomlán sa bhliain 2022, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

- Rannán 4.6 – Athbhreithniú ar Fheidhmíocht: níor ghabh an tÚdarás féinmheasúnú de láimh sa bhliain 2021. Déanfar socruithe le haghaidh Féinmheasúnú ón Údarás i gcéad leath na bliana 2023.
- Rannán 4.6 – Athbhreithniú ar Fheidhmíocht: déanfar measúnú seachtrach ar éifeachtacht sa bhliain 2024 tar éis an fhéinmheasúnaithe.
- Rannáin 8.14, 8.15 – Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil: déanfar é tar éis na measúnuithe faoi Rannán 4.6.
- Rannán 8.16 – Beartas Soláthair agus athbhreithniú ar Bheartais agus Nósanna Imeachta Airgeadais: tá an t-athbhreithniú á dhéanamh agus tá na doiciméid athbhreithnithe le heisiúint in R2 2023.
- Rannán 8.16 – Bunachar Sonraí Conarthaí: forbrófar é i gcéad leath na bliana 2023.
- Rannán 8.20 – Plean Soláthair Chorparáidigh: tá sé le forbairt do R2 2023.





# Forbairtí Eagraíochta

## Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha

Faoi théarmaí Acht 2015, ceapann an tÚdarás a fhoireann féin le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh cúig chomórtas ar siúl sa bhliain 2022 le haghaidh róil éagsúla in ÚRSD.

Tugann an tÚdarás líon beag de na baill foirne thuas ar iasacht don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí (LPDT) agus d'fhostaigh sé cúigear ball foirne ar chonarthaí páirtaimseartha le haghaidh tionscadail shonracha (e.g., idirghabháil). Sa bhliain 2022, d'fhostaigh ÚRSD Grant Thornton chun athbhreithniú ar phleanáil fórsa saothair a ghabháil de láimh, rud atá á bhreithniú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe anois.

### Acmhainní Foirne ÚRSD amhail an 31 Nollaig 2022

| Grád | 2022* |
|---|---|
| Rúnaí Cúnta | 1 |
| Príomhoifigeach | 2 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 5 |
| Cláraitheoir | 1 |
| Comhairleoir Dlí | 2 |
| Aturnae Stáit | 9.3 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 8 |
| Taighdeoir Dlí | 1 |
| Bainisteoir Oifigeach | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 2 |
| Oifigeach Cléireachais | 13.5 |
| Conraitheoirí | 5 |
| **IOMLÁN** | **45.8** |

* *Tá an líon ball foirne ag teacht le socruithe postroinnte.*
*Is ionann 50 ball foirne san iomlán agus 45.8 CL (Coibhéisí Lánaimseartha).*

## Bainistíocht Tinrimh agus Feidhmíocht

Cuireann gach ball foirne de ÚRSD bileoga oibre seachtainiúla faoi bhráid a mbainisteoirí. Cuirtear bileoga oibre míosúla faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna ansin. Taifeadtar obair foirne sna bileoga oibre, agus iad léirithe in aonaid 15 nóiméad. Mionsonraítear an méid ama a chaitheann baill foirne ar obair ar ghearáin, agus cabhraíonn sé sin le ÚRSD an tobhach bliantúil ar na gairmeacha a ríomh. Tugadh Córas Bainistíochta Ama Softworks isteach i mí an Mheithimh 2021, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cabhrú le ríomhanna agus cionroinnt don tobhach. Nuashonraíodh é tuilleadh sa bhliain 2022 chun na hathruithe ar uaireanta oibre de réir Chiorclán 14/2022: Leasú ar Uaireanta Oibre sa Státseirbhís a chur san áireamh agus nuashonrófar é arís sa bhliain 2023 chun obair chumaisc a léiriú. Tá ag ÚRSD Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta don fhoireann ar fad, agus cuireadh oiliúint le linn na bliana ar na hearcaigh nua uile. Tá próiseas Bainistíochta Promhaidh i bhfeidhm le haghaidh gach baill foirne nua.

## Forbairt Leanúnach dár bhFoireann

D'fhreastail baill foirne ar lear cúrsaí oiliúna, comhdhálacha agus seimineár sa bhliain 2022. Cumhdaíodh a lán réimsí difriúla iontu sin, amhail Imscrúduithe Acmhainní Daonna a Sheoladh, Scileanna Cumarsáide, Athléimneacht a Thógáil agus Cinnteoireacht. Cuireadh seisiúin neamhfhoirmiúla 'Lón agus Foghlaim' ar siúl sa bhliain 2022 agus leanfar le hiad a chur ar siúl sa bhliain 2023, ar lena linn a labhróidh cainteoirí seachtracha a dtabharfar cuireadh dóibh agus cainteoirí inmheánacha araon.

## Sláinte agus Sábháilteacht sa bhliain 2022

Sa bhliain 2022, bhí aistriú ann chuig samhail oibre níos cumaiscthe, rud a d'fhág go raibh níos mó ball foirne ag teacht isteach san oifig. Mar sin féin, cloíodh i gcónaí le treoirlínte an rialtais maidir le paindéim Covid-19. Chabhraigh Aonad TFC na Roinne Dlí agus Cirt leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais ghnó ÚRSD ó thús a bhfostaíochta i leith. Chloígh ÚRSD leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus leis na Rialacháin fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Chloíomar le beartais agus nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta agus sholáthraíomar oiliúint chuí, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta.

## An Dualgas Earnála Poiblí agus Cearta an Duine

Lean ÚRSD le comhlíonadh a dhéanamh ar a oibleagáidí do bhaill foirne agus do thomhaltóirí faoin Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.





## Teicneolaíocht Faisnéise

Tá Comhaontú Seirbhíse, Comhaontú Dearbhaithe Rialchais agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm ag ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt. Le linn na bliana 2022, chabhraigh Rannóg TF na Roinne leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun a shocrú go mbeadh cianrochtain ag baill foirne nua ar chórais inmheánacha ÚRSD chun go mbeadh siad in ann obair go sábháilte ón mbaile. Is é SharePoint ár gCóras Bainistíochta Cásanna sealadach le haghaidh gearán. Tá ÚRSD ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn chun réiteach fadtéarmach a fhorbairt, áfach.

## Éifeachtúlachtaí Fuinnimh

Ós rud é nach raibh ach líon teoranta ball foirne ag freastal ar an áitreabh sa bhliain 2022, bhí an úsáid fuinnimh measartha íseal ach ba mhó í ná an úsáid sa bhliain 2021. Leanfar sa bhliain 2023 le feachtais eile feasachta fuinnimh, leis an bhFoireann Ghlas agus le gníomhartha le haghaidh laghdú in astaíochtaí carbóin a chur chun feidhme ar aon dul leis an mbeartas Rialtais.

## Gníomhaíochtaí Soláthair

Ba ar aon dul le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin agus treoirlínte ón Rialtas a bhí an soláthar a rinneadh sa bhliain 2022. Féachann ÚRSD le tabhairt faoina sholáthar ar fad trí na Creat-Chomhaontuithe atá ar fáil tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais, nuair is indéanta.


## Íoc Pras Cuntas

Tá sé mar bheartas ag an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ina n-iomláine. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚRSD chun a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc laistigh den teorainn ama reachtúil. Cé gur dearadh na nósanna imeachta chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní thugtar leo ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, nach mbeidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta ann. Níor tabhaíodh pionóis íocaíochta déanaí i leith aon sonrasc sa bhliain 2022.

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tháinig an Fhoireann Ardbhainistíochta le chéile ar bhonn tráthrialta sa bhliain 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile atá ábhartha d'oibriú éifeachtúil éifeachtach an Údaráis. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFoireann Ardbhainistíochta is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnó Bliantúil do gach Rannóg a bhaint amach.

# Struchtúr Eagrúcháin








# An Fhoireann Ardbhainistíochta

## Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



### An Dr Brian Doherty
***Príomhoifigeach Feidhmiúcháin***

Is é Brian Doherty Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí. Glaodh chun an Bharra é sa bhliain 1996. Chleacht sé ar dtús i mBéal Feirste. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann ar bhunú na hOifige sa bhliain 2000. Bhí sé ar dhuine de na chéad imscrúdaitheoirí is sibhialtaigh, ag obair dó ar líomhaintí mí-iompair a rinneadh i gcoinne Chonstáblacht Ríoga Uladh ar dtús agus i gcoinne Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2007, thug sé faoin bpost mar oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána sular ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir gníomhach Imscrúduithe. D'fhill sé ar Oifig an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann sa bhliain 2014 chun an Stiúrthóireacht Imscrúduithe Reatha a reáchtáil. Chuaigh Brian i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2017.



### Ultan Ryan
***Rúnaí***

Chuaigh Ultan Ryan isteach sa Státseirbhís sa bhliain 1985 agus d'oibrigh sé don Phríomh-Oifig Staidrimh sular ghlac sé leis an ról mar anailísí córas sa Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 1992. D'aistrigh Ultan chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2000, áit ar oibrigh sé ar thionscadail Cheartais Trasteorann. Áiríodh leis na róil sin an ról mar Rúnaí don Choimisiún Cuimhneacháin. D'oibrigh Ultan mar bhainisteoir tionscadail agus mar bhainisteoir oibríochtaí leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha sular aistríodh é chuig ÚRSD i mí Eanáir 2017.

## An Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta



### Nuala Haughey
***Ceann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta***

Ceapadh Nuala Haughey mar Cheann ar an Rannóg Cumarsáide, Taighde agus Nuálaíochta i mí na Samhna 2019. Tá cúlra Nuala fite fuaite san iriseoireacht agus san anailís beartais. Bhuaigh sí gradaim mar Chomhfhreagraí Gnóthaí Sóisialta do The Irish Times agus tá taithí fhairsing aici mar shainchomhairleoir cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach. D'oibrigh Nuala mar stiúrthóir cumarsáide polaitiúla, mar anailísí beartais agus mar thaighdeoir freisin.

## An Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach



### Tony Watson

***Ceann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach***

Chuaigh Tony Watson isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 agus tá sé ar an gCeann ar an Rannóg Gearán, Imscrúduithe agus Réiteach. Cháiligh sé mar aturnae i Sasana agus d'oibrigh sé mar dhlítheoir i Londain. Bhog sé go hÉirinn sa bhliain 2005 agus chuaigh sé isteach sa Rannóg Gearán den Dlí-Chumann, áit a raibh sé ar an Leas-Cheann Gearán sula ndeachaigh sé isteach in ÚRSD. Tá taithí fhairsing ag Tony ar dhlíodóirí a rialáil agus ar ghearáin a imscrúdú agus a réiteach go háirithe.



### Eleanor Carmody

***Ceann ar an Aonad Gearán agus Réiteach***

Chuaigh Eleanor isteach in ÚRSD i mí Mheán Fómhair 2019 mar Oifigeach Réitigh Gearán, agus ceapadh í mar Cheann ar an Aonad Gearán agus Réiteach i mí Feabhra 2020. Cháiligh Eleanor mar aturnae sa bhliain 1999 agus d'oibrigh sí go príomha mar thíolacóir i gcleachtas ginearálta i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Chuaigh sí isteach sa Dlí-Chumann sa bhliain 2008 agus d'oibrigh sí mar aturnae sa rannóg um Ghearáin agus Caidreamh Cliant, áit ar imscrúdaigh sí gearáin i gcoinne aturnaetha.

## An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha



### Deirdre Fleming

***Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha***

Ceapadh Deirdre Fleming mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá taithí shuntasach ag Deirdre ar sheirbhísí corparáideacha agus ar airgeadas laistigh den earnáil phoiblí, lena n-áirítear i dTithe an Oireachtais, sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus, rud ba dhéanaí fós, in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.





## An Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin



### Alison McIntyre

***Ceann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin***

Ceapadh Alison Emily McIntyre mar Cheann ar an Rannóg Seirbhísí Dlí, Tobhaigh agus Clárúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus chuaigh sí i mbun an róil sin i mí an Mhárta 2020. Roimhe sin, bhí Alison ina Coimisinéir Cúnta leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn, áit ar oibrigh sí mar chomhairleoir dlí agus mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá taithí ag Alison ar obair a dhéanamh sa chleachtadh príobháideach agus in eagraíochtaí earnála poiblí.



### Padraig Langan

***Ceann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí***

Ceapadh Padraig Langan mar Cheann ar an Aonad Clárúcháin, Tobhaigh agus Táillí i mí Iúil 2018. Roimhe sin, d'oibrigh Padraig sa Phreasoifig sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Roimhe sin fós, d'oibrigh sé sa Rannóg Beartais Feola agus Bainne sa Roinn, áit ar ghnóthaigh sé taithí ar a bheith ag obair ar shaincheisteanna beartais. Tá Padraig ag obair san earnáil phoiblí le breis agus fiche bliain anuas.

## An tAonad Tacaíochta don Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí



### Kay Lynch

***Cláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí***

Ceapadh Kay Lynch mar Chláraitheoir ar an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mí Mheán Fómhair 2019. Sular ceapadh í, d'oibrigh Kay mar fheidhmeannach leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha ón mbliain 2014 i leith. Is aturnae cáilithe í agus tá dioplómaí aici i Rialáil Ghairmiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus i Scileanna Breithiúnacha agus Cinnteoireacht (Dlí-Chumann na hÉireann).

# Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2022

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 18 Eanáir | Cruinniú ÚRSD leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais maidir leis an tsamhail cistiúcháin tobhaigh do ÚRSD |
| 20 Eanáir | An 30ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 21 Eanáir | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 21 Feabhra | Cruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le hathchóirithe san oideachas dlí |
| 24 Feabhra | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht ar ghairmeacha sa Dlí agus in ÚRSD d'Óstaí an Rí |
| 25 Feabhra | Cuireadh na Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain 2021 faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt |
| 8 Márta | Cruinniú leis an gCoimisiún Eorpach maidir le Tuarascáil ar Fhorlámhas an Dlí, 2022, ón Aontas Eorpach |
| 14 Márta | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht ar fhrithsciúradh airgid agus ar obair ÚRSD do Bharra na hÉireann |
| 24 Márta | An 31ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 30 Márta | Cruinniú rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 31 Márta | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 1 Aibreán | Cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le hArd-Stiúrthóir an Dlí-Chumainn |
| 5 Aibreán | Sheol Uachtarán na hArd-Chúirte an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí |
| 7 Aibreán | Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2022 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 12 Aibreán | Cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bharra na hÉireann |
| 29 Aibreán | An chéad chruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2022 |
| 13 Bealtaine | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 20 Bealtaine | Shínigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD agus Cathaoirleach an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí Comhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás agus an Binse |
| 20 Bealtaine | Cruinniú leis an Dlí-Chumann maidir leis an mBinse Araíonachta Aturnaetha agus maidir le bunú an Bhinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí |





| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 2 Meitheamh | Cruinniú leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Tuarascáil alt 34 ar "Bhacainní" |
| 14 Meitheamh | Láithreoireacht Bharra na hÉireann do ÚRSD ag an ócáid "Lón agus Foghlaim" |
| 16 Meitheamh | An 32ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 17 Meitheamh | Ceardlann ÚRSD le Grant Thornton maidir le pleanáil fórsa saothair |
| 23 Meitheamh | An Dara Cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca |
| 27 Meitheamh | Cuairt aimsithe fíricí ar ÚRSD ag Cathaoirleach an Athbhreithnithe Neamhspleách ar dhlíodóirí agus ar sheirbhísí dlí sa Nua-Shéalainn |
| 28 Meitheamh | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 28 Meitheamh | Cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid |
| 7 Iúil | Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil alt 33 maidir le Beartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh ó ÚRSD |
| 9 Iúil | Eisíodh fógraí tobhaigh chuig an Dlí-Chumann, chuig Barra na hÉireann agus chuig abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí |
| 20 Iúil | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar an Tríú Plean Straitéiseach ón Údarás |
| 9 Lúnasa | Ceardlann Fhoireann ÚRSD maidir leis an bPlean Straitéiseach nua |
| 9 Lúnasa | Cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bharra na hÉireann |
| 22 Lúnasa | Ceardlann Fhoireann Ardbhainistíochta ÚRSD maidir leis an bPlean Straitéiseach nua |
| 25 Lúnasa | Cruinniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD le Grant Thornton maidir le Pleanáil Fórsa Saothair |
| 31 Lúnasa | Cruinniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD le Fo-Chisteoir Óstaí an Rí |
| 7 Meán Fómhair | Cruinniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le hArd-Stiúrthóir an Dlí-Chumainn |
| 8 Meán Fómhair | An 33ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 21 Meán Fómhair | Cruinniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD le Fo-Chisteoir Óstaí an Rí |
| 22 Meán Fómhair | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 28 Meán Fómhair | Cruinniú le Indecon inar tugadh an tEolas is Deireanaí faoin Tionscadal maidir le Taighde Tíolacóra |
| 29 Meán Fómhair | Cruinniú Iomlánach an Choiste um Ghearáin |

| Dáta | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| 13 Deireadh Fómhair | Cruinniú leis an Dlí-Chumann inar tugadh an tEolas is Deireanaí |
| 20 Deireadh Fómhair | Cruinniú Rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 27 Deireadh Fómhair | D'fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí in Chicago |
| 28 Deireadh Fómhair | Fógraíodh Baile Átha Cliath mar Óstach ar Chomhdháil Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dlí, 2023 |
| 9 Samhain | Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí ar an bpróiseas gearán don Dlí-Chumann i gCill Airne |
| 10 Samhain | Cruinniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ÚRSD le Fo-Chisteoir Óstaí an Rí |
| 16 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht do Chomhlachas Barra Gairmiúil, Rialála agus Araíonachta Bharra na hÉireann |
| 18 Samhain | Foilsíodh an dara Tuarascáil ar Ghearáin sa bhliain 2022 ó ÚRSD faoi alt 73 den Acht |
| 24 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin óráid ag seoladh an tSuirbhé Bhliantúil ar Ghnólachtaí Dlí Éireannacha, 2022, arna reáchtáil ag Evelyn Partners |
| 24 Samhain | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí ar an bpróiseas gearán do Chomhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath |
| 30 Samhain | Thug an Ceann ar an Rannóg Gearán láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí ar an bpróiseas gearán don Dlí-Chumann i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath |
| 1 Nollaig | An 34ú Cruinniú de chuid an Údaráis |
| 2 Nollaig | Thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin láithreoireacht forbartha gairmiúla leanúnaí ag Comhdháil Forbartha Gairmiúla Leanúnaí de chuid La Touche Training |
| 6 Nollaig | Cruinniú Rialachais leis an Roinn Dlí agus Cirt |
| 9 Nollaig | D'oscail ÚRSD comhairliúchán poiblí ar Bheartais na nGairmeacha Dlí maidir le Glacadh |
| 16 Nollaig | Bhuail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin leis an Dlí-Chumann chun plé a dhéanamh ar imscrúduithe an Dlí-Chumainn ina dtagann saincheisteanna cuntasaíochta chun cinn |
| 20 Nollaig | Osclaíodh iarratais d'aturnaetha agus d'abhcóidí chun iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Comhairleach um dheonú Paitinní Tosaíochta |

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority


***An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí***

*Aonad 1-3, Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir*
*Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7*

***Postchód:*** *D07 K290*
***Ríomhphost:*** *lsra-inbox@lsra.ie*
***Suíomh Gréasáin:*** *www.lsra.ie*
***Twitter:*** *@LSRAIreland*